



**LAW REFORM**  
COMMISSION/COIMISIÚN UM  
ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**  
**2011**

---

## AN COIMISIÚN

---

Is é atá sa Choimisiún um Athchóiriú Dlí Uachtarán, Coimisinéir lánaimseartha amháin agus trí Choimisinéir pháirtaimseartha. In 2011, bhí a leanas sa Choimisiún:

**An Breitheamh Catherine McGuinness**

Uachtarán (go dtí Feabhra 2011)

**Patricia T Rickard-Clarke** BCL, Aturnae

Coimisinéir lánaimseartha

**An tOllamh Finbarr McAuley** BCL, LLB, MPhil, LLD,

Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

Coimisinéir páirtaimseartha

**Marian Shanley** BCL, Aturnae

Iarrbhall den Choimisiún le Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú

Coimisinéir páirtaimseartha

**An Breitheamh Donal O'Donnell**

Breitheamh den Chúirt Uachtarach

Coimisinéir páirtaimseartha

---

## FOIREANN TAIGHDE AN CHOIMISIÚIN<sup>1</sup>

---

**Stiúrthóir Taighde:**

Raymond Byrne

**Bainisteoir Tionscadail ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil:**

Alma Clissmann

**Bainisteoir Tionscadail ar an Eolaire Reachtaíochta:**

Heather Mahon

**Taighdeoirí Dlí**

Barbara Brown

Elaine Cahill,

Kate Clancy,

Aoife Clarke

Conor Cunningham

Andrew Glynn

Dannie Hanna

Helen Kehoe

Rachel Kemp

Donna Lyons

Tara Murphy

Jane O'Grady

Darelle O'Keefe

Aileen O'Leary

Máire Reidy Helen Whately

---

<sup>1</sup> Ní raibh na baill go léir den fhoireann taighde fostaithe ar feadh na bliana féilire iomláine.

---

FOIREANN RIARACHÁIN AN CHOIMISIÚIN

---

**Ceann Riaracháin:**

Ciara Carberry

**Oifigigh Feidhmiúcháin:**

Deirdre Bell

Ann Byrne

Simon Fallon

**Bainisteoir Eolais Dhlíthiúil:**

Conor Kennedy

**Catalógaí:**

Eithne Boland

**Oifigigh Chléireachais:**

Ann Browne

Liam Dargan

---

## CLÁR ÁBHAIR

---

|  |    |
|--|----|
| <b>RÉAMHRÁ</b>   | 5  |
| <b>CAIBIDIL 1</b>  | 7  |
| Intreoir   | 7  |
| Feidhmeanna an Choimisiúin   | 7  |
| Ráiteas Straitéise 2009-2011   | 8  |
| Modhanna Oibre agus Próiseas Comhairliúcháin   | 9  |
| <b>CAIBIDIL 2</b>  |    |
| <b>ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ FOILSEACHÁIN, CLÁR OIBRE ROLLACH AN CHOIMISIÚIN AGUS FEIDHMIÚ A CHUID OIBRE IN 2011</b> | 12 |
| Intreoir   | 12 |
| An Córas Dlí agus Dlí Poiblí   | 13 |
| Dlí na Fianaise  | 15 |
| Dlí Coiriúil   | 16 |
| Dlí Talún agus Dlí Iontaobhais   | 18 |
| Sainghrúpaí agus Grúpaí Soghonta i Sochaí atá ag Athrú   | 18 |
| Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair  | 21 |
| Dlí Tráchtála agus an Dlí Oibleagáidí  | 21 |
| An Dlí Idirnáisiúnta   | 22 |
| <b>CAIBIDIL 3</b>  | 24 |
| <b>ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACHTÚIL:</b>   |    |
| Forbhreathnú   | 24 |
| Obair in 2011 ar Chláir an Choimisiúin ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil                                     | 24 |
| <b>CAIBIDIL 4</b>  | 26 |
| <b>EOLAIRE REACHTAÍOCHTA</b>   |    |
| Forbhreathnú   | 26 |
| Obair an Choimisiúin in 2011 ar Chláir an Eolaire Reachtaíochta  | 26 |
| <b>CAIBIDIL 5</b>  |    |
| <b>RIARACHÁN</b>   | 28 |
| Intreoir   | 28 |
| An Coimisiún   | 28 |
| An Coiste Bainistíochta  | 28 |
| Foireann Riaracháin  | 28 |
| Foireann Taighde agus Leabharlainne  | 29 |
| Airgeadas  | 30 |
| Éifeachtúlacht Fuinnimh  | 30 |
| Socruithe Rialachais   | 30 |
| <b>CAIBIDIL 6</b>  |    |
| <b>ATHBHREITHNIÚ AR DHUL CHUN CINN TRÍD AN TRÍÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ</b>                                | 32 |
| <b>Aguisín A:</b>  | 38 |
| Liosta Tionscadal sa Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014  |    |
| <b>Aguisín B:</b>  | 40 |
| Grúpaí Oibre   |    |
| <b>Aguisín C:</b>  | 41 |
| Comhdhálacha agus Cuairteanna  |    |
| <b>Aguisín D:</b>  | 43 |
| Liosta d'Fhoilseacháin an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí   |    |



## RÉAMHRÁ

Cuireann sé pléisiúr mór orm Tuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí do 2011 a chur i láthair agus tréaslú leis an gcúigear Coimisinéirí ar chuir a saothracht, a bhfuinneamh agus a bhfeabhas gan staonadh an oiread sin le héachtaí an Choimisiúin le linn na bliana sin. Tá méid ollmhór déanta ag an Breitheamh Catherine McGuinness (Uachtarán ó 2005 go 2011), Patricia T Rickard-Clarke (fCoimisinéir Iánamseartha ó 2001 go 2012), Finbarr McAuley (Coimisinéir ó 1999 go 2012), Marian Shanley (Coimisinéir ó 2001 go 2012) agus an Breitheamh Donal O'Donnell (Coimisinéir ó 2005 to 2012) ar son athchóiriú an dlí le linn a dtréimhsí faoi seach in oifig.

Idir 2005 agus 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún tuairiscí uileghabhálacha bunaithe ar dhea-thaighde ar na hábhair seo a leanas: (i), na cúirteanna agus réiteach aighnis (lena n-áirítear comhdhlúthú uileghabhálach agus athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna, agus rialú reachtúil na headrána agus an idir-réitigh); (ii), dlí tráchtála (lena n-áirítear dócmhainneacht phearsanta agus nósanna imeachta forfheidhmithe fiachais); (iii), dlí coiriúil agus nósanna imeachta (lena n-áirítear cosaintí i ndlí coiriúil, dúnorgain chorparáideach agus bunachar sonraí DNA); (iv), dlí teaghlach (lena n-áirítear an dlí comháitritheoirí, an dlí a bhaineann le freagracht tuismitheoirí agus toiliú páistí le cóireáil leighis); (v), dlí talún (lena n-áirítear chomhdhlúthú uileghabhálach agus athchóiriú dlí talún agus dlí tíolachta), agus, (vi), an dlí um inniúlacht agus um chinnteoireacht daoine fásta (lena n-áirítear athchóiriú an chórais um Choimircithe Cúirte agus rialú teoracha um réamhchúram).

Tá áthas orm a chur ar an taifead go bhfuil formhór mór mholtaí an Choimisiúin sna tuairiscí sin curtha i bhfeidhm cheana sa reachtaíocht nó sa phróiseas le bheith curtha i bhfeidhm ag an rialtas. I rith 2011 d'fhoilsigh an Coimisiún 3 Thuarascáil eile agus 4 Pháipéar Comhairliúcháin. Pléitear an obair sin i gCaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil seo. Faoi dheireadh na bliana sin bhí bunús na dtionscadal ina Thríú Clár tosaithe nó críochnaithe.

Le linn 2012, cheap an Rialtas na cúig Choimisinéir reatha ar théarmaí trí bliana. Thar a gceannsan agus thar mo cheann féin is mian liom a rá gurb é ár ndóchas daingean cur go bríoch le hathchóiriú dhlí na hÉireann sna blianta beaga seo ag teacht. Áireoidh seo forbairt Ceathrú Clár nua um Athchóiriú an Dlí, a thosóidh (faoi réir phróiseas comhairliúcháin poiblí an Choimisiúin agus faomhadh riachtanach ag an Rialtas) le linn 2013. Áireoidh sé freisin 3<sup>ú</sup> Clár an Choimisiúin a chríochnú le foilsiú 6 Thuarascáil nua sna chéad sé mhí de 2013.

Thug an Coimisiún, sa bhreis ar a shainchúram agus de bhun an Achta fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975, faoi roinnt tionscadal tábhachtach a raidh d'aidhm leo reachtaíocht na hÉireann a dhéanamh níos inrochtana do gach saoránach den Stát agus daoine leasmhara eile. Áiríodh leis na tionscadail seo, (a), forbairt agus cothabháil leanúnach Eolaire Reachtaíochta (a rianaíonn gach leasú ar Achtanna, bíodh siad ina n-Achtanna roimh 1922 nó i ndiaidh 1922), (b), ullmhú agus foilsiú ar líne níos mó ná 100 Acht Athbhreithnithe (téacs iomlán Achtanna mar a leasaíodh) agus, (c), forbairt Liosta Aicmithe Reachtaíochta (liosta de níos mó ná 2,000 Acht atá fós i bhfeidhm eagraithe faoi 36 ceanteideal ábhair). Pléitear obair an Choimisiúin ar na tionscadail seo i gCaibidilí 3 agus 4 den Tuarascáil seo. Is eol don Choimisiún tábhacht agus luach na hoibre seo agus tá sé tiomanta a chinntiú go bhfanann sé ina dhlúthchuid d'fheidhm an Choimisiúin amach anseo.

Léireoidh ullmhú an 4ú Clár um Athchóiriú an Dlí, atá ar na bacáin, intinn an Choimisiúin a chinntiú go bhfiul a chuid clár ag leanúint ag tabhairt faoi agus ábhartha do riachtanais agus do ghá shochaí na hÉireann anois agus sna blianta seo romhainn.

Ní féidir leis an gCoimisiún a chuid cuspóirí a bhaint amach gan tacaíocht raon leathan daoine. Tá sé go mór faoi chomaoin an Ard-Aighne agus baill a hOifige, a chuidíonn leis agus a thugann tacaíocht dó ar bhonn leanúnach. Ach is sócmhainn thábhachtach don Choimisiún é an chomhairle agus an cúnamh ríluachmhar a thugtar go deonach a fhaigheann sé ón iliomad duine aonair agus grúpa lena dtéann sé i gcomhairle agus an comhoibriú agus an chúirtéis a fhaigheann sé ó Ranna Rialtais lena mbíonn sé i gcumarsáid. B'fhéidir gurb í an tsócmhainn is tábhachtaí a fhoireann atá beag ach tiomanta - idir lucht taighde agus lucht riaracháin - a thugann saintacaíocht thiomanta le cinntiú go gcoinníonn sé a chuid oibre ar ardchaighdeán.

An Breitheamh John Quirke,  
UACHTARÁN

# CAIBIDIL 1

## INTREOIR

---

### FEIDHMEANNA AN CHOIMISIÚIN

---

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún arna bhunú ag *Acht Fán gCoimisiún Um Athchóiriú an Dlí 1975*. Sonraítear in Acht 1975 gurb é ról an Choimisiúin an dlí a choinneáil faoi athbhreithniú agus taighde a dhéanamh d'fhonn an dlí a athchóiriú, agus sainmhíononn sé athchóiriú an dlí lena leanas san áireamh:

- forbairt an dlí
- a chódú (lena n-áirítear a shimpliú agus a nua-aoisiú) agus
- athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil.

#### **Clár um Athchóiriú an Dlí agus Iarratais an Ard-Aighne**

Tá obair thaighde an Choimisiúin eascartha, go dtí 2006, ó dhá phríomhfhoinsé: ar dtús, faoi Chlár um Athchóiriú an Dlí ullmhaithe ag an gcoimisiún agus aontaithe ag Rialtas agus leagtha roimh Thithe an Oireachtais faoi Acht 1975; agus, go tánaisteach, de réir iarratais ón Ard-Aighne faoi Acht 1975.

Ullmhaíonn an Coimisiún Clár um Athchóiriú an Dlí, arna fhaomhadh ag Rialtas agus leagtha roimh Thithe an Oireachtais de réir Acht 1975. Bhí *Chéad Chlár um Athchóiriú an Dlí* an Choimisiúin i bhfeidhm idir 1977 agus 1999, ina dhiaidh bhí an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007*, a bhí faofa ag an Rialtas in 2000. I mí na Nollag 2007, d'fhaomh an Rialtas *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* an Choimisiúin.

#### **Forbhreathnú ábhar an Tríú Clár**

Lostaíonn *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* 37 tionscadal, lena n-áirítear a leanas:<sup>1</sup>

- Nósanna imeachta maidir le Bainistíocht agus Forfheidhmiú Fiachais
- Réiteach Comhroghnach Aighnis
- Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna
- Dlí na Fianaise: Fianaise Chlostrácha, Dhoiciméadach agus Shaineolaí
- Dlí na gCionta Gnéasacha
- Gnéithe Dlíthiúla de Chaidrimh Theaghlaigh, lena n-áirítear cearta agus freagrachtaí aithreacha agus baill eile den teaghlach
- Leanaí agus an Dlí, lena n-áirítear toiliú le cóireáil leighis
- Conarthaí Árachais

Le linn 2011, rinne an Coimisiún tuilleadh dul chun cinn i scrúdú na 37 tionscadal atá san áireamh sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí*. D'áirigh seo foilsiú roinnt Tuairiscí ar ar chuid acu agus foilsiú Páipéar Comhairliúcháin ar chuid eile. Pléitear iad seo i gCaibidil 2, thíos. Ghabh an Coimisiún de lámh, freisin, athbhreithniú ar dhul chun cinn ag a lárphointe réamh-mheasta,<sup>2</sup> rud a rinne an Coimisiún chomh maith i dtaca leis an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007*.<sup>3</sup> Pléitear seo i gCaibidil 6, thíos. Agus aird aige ar an dul chun cinn déanta ó 2008, chinn an Coimisiún gur chóir go tosódh ullmhúcháin in 2012 ar fhorbairt *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí*.

---

<sup>1</sup> Fé ach *Tuairisc ar Thríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007), ar fáil ag [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie), agus liosta iomlán na 37 Tionscadal in Aguisín A leis an Tuarascáil Bliantúil seo.

<sup>2</sup> Tuairisc ar *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007), lch.7.

<sup>3</sup> Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2004* an Choimisiúin, Caibidil 5.



Athráiteas ar an Dlí Reachtúil, Eolaire Reachtaíochta agus Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn

Ó 2006, d'áirigh raon feidhme obair thaighde an Choimisiúin dhá réimse bhreise gníomhaíochta, Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtaíochta (ar a nglaoití Tábla Croineolaíoch na Reachtanna). Is é atá san Athráiteas ar an Dlí Reachtúil gach leasú ar Ach a chomhshnaidhmeadh in aon téacs amháin, rud a fhágann reachtaíocht níos inrochana. Treoir inchoardaithe ar líne ar athruithe reachtaíochta atá san Eolaire Reachtaíochta.

Tá na ról nua seo comhsheasmhach le sainchúram an Choimisiúin, athchóiriú an dlí, atá sainmhínithe (mar a léiríodh) ag Acht 1975 go gcuimsíonn sé códú an dlí, lena n-áirítear go háirithe a shimpliú, agus athbhreithniú agus comhdhlúthú an dlí reachtúil. Is eol don Choimisiún freisin go bhféadfadh na ról seo bheith ina gcuidiú leis an bpolasaí níos leithne, *Rialú Níos Fearr*. I gCaibidlí 3 agus 4, pléann an Coimisiún na forbairtí in 2011 maidir leis na réimsí seo oibre. Chomh maith leis sin, leanann an Coimisiún ar aghaidh ag coinneáil ar a shuíomh gréasáin Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn,<sup>4</sup> a chomhlánaíonn obair an Choimisiúin ar Athráiteas agus ar an Eolaire Reachtaíochta, agus a d'eascair ó rannpháirtíocht sa Ghrúpa Riomh-Reachtaíochta, arna thionól ag Roinn an Taoisigh.

---

## RÁITEAS STRAITÉISE 2009-2011

---

In 2011, bhí an Coimisiún sa bhliain deiridh dá *Ráiteas Straitéise 2009-2011*, a thugann an chreatlach d'obair an Choimisiúin sa tréimhse trí bliana a chlúdaítear. Tógann *Ráiteas Straitéise 2009-2011* ar thaithí an Choimisiúin lena ráitis straitéise roimhe seo, agus dréachtaíodh í leis an timpeallacht dhúshlánach airgeadais ina gcaithfidh gach eagrais Stáit a fheidhmiú a chur san áireamh. Léiríonn an *Ráiteas Straitéise* tuairimí an Choimisiúin agus lucht sinsearach na bainistíochta ar ar ghá a dhéanamh le ról lárnach an Choimisiúin agus a bhfuil curtha aige leis an athchóiriú dlí a uasmhéadú agus le cinntiú gur fheidhmigh an eagraíocht ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht bharrmhaith agus gur bhain sé an úsáid is fearr as acmhainní a bhí ar fáil. Cosúil lena macasamhail roimhe, léiríonn an *Ráiteas Straitéise* príomhthosaíochtaí an Choimisiúin faoi choinne 2009-2011, lena n-áirítear freagrachtaí agus cuntasachtaí soiléire leis na tosaíochtaí seo a bhaint amach.

### Príomhchuspóirí sa *Ráiteas Straitéise*

D'aithin *Ráiteas Straitéise 2009-2011* 4 Phríomhchuspóir. Seo iad:

- 1. Dul chun cinn a dhéanamh i dtreo a chur i gcrích ar chaighdeán ard scrúdú ar: (1) na tionscadail a roghnaigh an Coimisiún ó na 37 tionscadal sa Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014; agus (2) nuair atá sé ábhartha, na réimsí áirithe den dlí ar iarr an tArd-Aighne ar an gCoimisiún iad a scrúdú.*
- 2. Na freagrachtaí a shann an tArd-Aighne don Choimisiún in 2006 maidir le hAthráiteas ar an Dlí Reachtúil a chur i gcrích*
- 3. Na freagrachtaí a shann an tArd-Aighne don Choimisiún in 2007 maidir leis an Eolaire Reachtaíochta (Tábla Croineolaíoch na Reachtanna, mar a bhí) a chur i gcrích.*
- 4. Leanúint ag cinntiú go bhfeidhmíonn an fhoireann taighde agus an fhoireann riaracháin le chéile go héifeachtach agus ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht*

---

<sup>4</sup> Pléitear an Liosta Aicmithe Reachtaíochta i dTuarascáil Bhliantúil 2010 an Choimisiúin, Caibidil 5.

*bharrmhaith le tacaíocht a thabhairt don Choimisiún agus é ag gabháil de lámh a ról, agus le huasmhéid páirteachas agus rannpháirtíocht na foirne.*

Leanann an Tuarascáil Bhliantúil seo seicheamh na mBunchuspóirí seo. Léiríonn Caibidil 2 Bunchuspóir 1 agus tugann sí forbhreathnú ar chlár oibre an Choimisiúin in 2011, ag díriú ar an dul chun cinn déanta ar na tionscadail in *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014*. Léiríonn Caibidil 3 Bunchuspóir 2 agus pléann sí Athráiteas ar an Dlí Reachtúil, agus pléitear Bunchuspóir 3 i gCaibidil 4, a phléann leis an Eolaire Reachtaíochta. I gCaibidil 5, pléann an Coimisiún forbairtí in 2011 faoi Bhunchuspóir 4, an caidreamh tábhachtach idir riarachán agus ról taighde an Choimisiúin. I gCaibidil 6, cuireann an Coimisiún síos ar thoradh a athbhreithnithe ar dhul chun cinn tríd an Tríú Clár ó 2008.

---

## MODHANNA OIBRE AGUS PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN

---

Tá Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuairiscí an Choimisiúin bunaithe ar thaighde cúramach agus críochnúil. Is eol don Choimisiún freisin an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil aon mholtaí athchóirithe bunaithe ar chleachtas. Le linn do bheith ag ullmhú moltaí, déanann an Coimisiún comhairliúcháin neamhfhoirmiúla le cleachtaitheoirí dlí agus le daoine gairmiúla ábhartha eile agus le heagrais ionadaíochas. Aithnítear na léargais phraiticiúla a thugann na teagmhálach don Choimisiún i bhfoilseacháin an Choimisiúin.

### **Modheolaíocht**

Leis na spriocanna a leagtar amach ina Chlár um Athchóiriú an Dlí a bhaint amach, cinntíonn an Coimisiún go sanntar Taighdeoir do gach tionscada, Taighdeoir a oibríonn faoi threoir ghinearálta an Stiúrthóra Taighde. I gcás Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an Eolaire Reachtaíochta, oibríonn taighdeoirí a shanntar go sonrach do na réimsí oibre seo faoi stiúir dhá Bhainisteoir Tionscadail. Le linn 2011, lean an Coimisiún ar aghaidh ag baint tairbhe breise ó ionchur taighde roinnt inteirneach. Baineann an Coimisiún úsáid chomh maith as Grúpaí Oibre agus Boird Tionscadail, a dtugann a mbaill a saineolas ar bhonn deonach i réimsí a bhfuil sain-ionchur riachtanach.

Agus castacht cuid de na saincheistean a thagann chun cinn san áireamh, téann an Coimisiún i gcomhairle go rialta le saineolaithe i réimsí áirithe eolais dhlíthiúla agus eile ar ábhar áirithe. Gabhann an Coimisiún a chuid oibre de lámh ar bhonn Clár Oibre rollaithe, ina bhfuil spriocdhátaí i gcomhair céimeanna éagsúla den obair a chur i gcrích. Le cuidiú leis an gCoimisiún baint amach na spriocanna seo a mhonatóiriú, déantar athbhreithnithe rialta ar an gClár Oibre trí Phleananna Gnó ráithiúla an Choimisiúin. Déantar breac-chuntas i gCaibidil 2 ar fhoilseacháin agus ar chlár oibre leanúnach an Choimisiúin in 2011.

### **An próiseas comhairliúcháin**

Tá tábhacht lárnach ag baint leis an bpróiseas comhairliúcháin in Obair an Choimisiúin. D'fhéadfadh comhairliúchán bheith i bhfoirmeacha éagsúla. I gcéadchéimeanna a chuid taighde, d'fhéadfadh an Coimisiún bualadh le saineolaithe nó le cleachtaitheoirí atá ag obair i réimse áirithe, nó ionadaithe sainleasa. Ullmhaíonn agus foilsíonn an Coimisiún ansin Páipéar Comhairliúcháin. Lorgaíonn an Coimisiún aighneachtaí scríofa ó pháirtithe leasmhara ar na moltaí sealadacha déanta sa Páipéar Comhairliúcháin. Cuirtear na haighneachtaí seo san áireamh i ndruchtú na Tuarascála deiridh ar an ábhar, agus pléitear sa Tuarascáil le haon saincheist a tharraingíonn siad anuas. Roimh dhréachtú na Tuarascála, tionóltar seimineár de ghnáth agus féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar pháirtithe leasmhara nó orthu siú a bhfuil aighneacht déanta acu bheith i láthair.

Ó 2000, cuireann an Coimisiún Bille dréachtach san áireamh i ngach Tuarascáil mar a ndéanann sé moltaí a éilíonn athrú reachtaíochta. Is dóigh leis an gCoimisiún gur comhpháirt thábhachtach dá shainchúram reachtúil iad na Billí dréachtacha seo faoi Acht 1975 le reachtaíocht dhréachtach a áireamh nuair a mholann sé athchóiriú ar an dlí.

I dtaca leis na tionscadail ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus an Eolaire Reachtaíochta, déanann an Coimisiún comhairliúchán freisin le réimse leathan páirtithe leasmhara. Áiríonn sé seo Oifig an Ard-Aighne, Ranna Rialtais, an tOireachtas, gairm an dlí agus an pobal i gcoitinne. Tá béim mhór leagtha ag an gCoimisiún freisin ar ghnéithe teicneolaíochta an dá thionscadal le hinrochtaineacht uasta a chinntiú ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil agus coinneáil an Eolaire Reachtúil. Go háirithe, tá curtha san áireamh ag an gCoimisiún forbairt straitéis ríomh-Reachtaíochta an Rialtais agus nua-aoisiú leanúnach leabhar reachtaíochta na hÉireann sa mhórchomhthéacs atá glactha go hidirnáisiúnta, *Rialú Níos Fearr*.

### **Cumarsáid le Ranna Rialtais**

Is é cleachtas an Choimisiúin le blianta fada le cumarsáid a dhéanamh le ranna rialtais maidir leis na tionscadail ina bhfuil sé páirteach faoi láthair nó ar dócha go mbeidh sé páirteach iontu go ceann i bhfad. Tá socrú ag an gCoimisiún leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, ag déanamh forála i gcomhair cruinnithe leathbhliantúla le comhábhair leasa a bhreithniú, i gceisteanna a bhaineann leis an dlí coiriúil agus leis an dlí sibhialta araon. De bharr na gcruinnithe seo tá an Coimisiún agus an Roinn in ann saincheisteanna a phlé atá á dtabhairt faoi acu sa phróiseas reachtúil.

### **Cruinnithe le Coistí Oireachtais**

Ó 1998, tá an Coimisiún ag tionól cruinnithe tréimhsiúla le Comhchoiste an Oireachtais ar Dhlí agus Cirt, Comhionannas, Cosaint agus Cearta Ban le clár oibre an Choimisiúin a phlé. Is mór an luach a chuireann an Coimisiún ar na cruinnithe leis an gCoiste. Chomh maith leis sin, bhuail an Coimisiún le Coistí Oireachtais eile ó am go ham.

### **Comhdháil Bhliantúil ar Athchóiriú an Dlí**

Ó 2004, thionóil an Coimisiún Comhdháil Bhliantúil ar Athchóiriú an Dlí nasctha le Clár an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí agus clár rollaithe oibre. Tugann an chomhdháil seo don Choimisiún deis le páirtithe leasmhara a thabhairt isteach i bplé praiticiúil ar ábhar sonrath. Dhírigh Comhdháil Bhliantúil 2011 ar obair an Choimisiúin ar chiontuithe gnéis agus inniúlacht toilithe, ar ar fhoilsigh sé Páipéar Comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2011. Ba iad cainteoirí na comhdhála: An Breitheamh Peter Charleton, breitheamh den Ard-Chúirt; An Tiarna Breitheamh Sior James Munby, breitheamh de Chúirt Achomhairc Shasana agus na Breataine Bige, Cathaoirleach Choimisiún Dlí Shasana agus na Breataine Bige; an Dr Fintan Sheerin, Léachtóir i Míchumais Intleachta, Coláiste na Tríonóide Baile Átha Cliath; an tUasal James Hamilton, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, agus Patricia T Rickard-Clarke, Coimisinéir, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí. Bhí trasghearradh de lucht déanta polasaí i láthair ag an gComhdháil (lena n-áirítear iad siúd laistigh de Ranna Rialtais), cleachtaitheoirí dlí, daoine le míchumais agus grúpaí ionadaíochta. Cheadaigh sé seo díospóireacht ar Pháipéar Comhairliúcháin an Choimisiúin agus bhí de thoradh air freisin go bhfuair an Coimisiún a lán aighneachtaí a bheidh an-luachmhar do phlé an Choimisiúin ar an Tuarascáil ar an ábhar seo. Pléitear an Páipéar Comhairliúcháin i gCaibidil 2, thíos.

### **Comhdhálacha, Cuairteanna agus Teagmhálacha sna Meáin**

Bíonn Coimisinéirí agus foireann taighde i láthair go rialta freisin agus ag glacadh páirte i seimineáir phoiblí agus i gcomhdhálacha. Coinnítear teagmháil le heagrais athchóirithe dlí freisin trí fhreastal ar sheimineáir ábhartha agus trí ghlacadh le cuairteanna ó eagrais athchóirithe dlí eile. In 2011, d'fhreastail an Coimisiún ar

chruinniú bliantúil ag cúig choimisiún athchóirithe dlí (de chuid Shasana agus na Breataine Bige, na hAlban, Thuaisceart Éireann, Gheirsí agus na hÉireann faoi seach) a bhí ar siúl i nGeirsí in 2011. Chomh maith leis sin, scaiptear nuacht agus preaseisiúintí ar na meáin le comhtharlú le foilsiú Páipéar Comhairliúcháin nó Tuarascála. Go ginearálta feidhmíonn an Stiúrthóir Taighde agus Coimisinéirí le príomhróil i dtionscadail shonracha mar urlabhraithe ar son an Choimisiúin. In Aguisín C tá sonraí comhdhálacha ina raibh an Coimisiún páirteach go gníomhach agus i láthair le linn 2011, chomh maith le cuairteanna ar agus ó eagrais athchóirithe dlí.

## CAIBIDIL 2

### ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ: FOILSEACHÁIN, CLÁR OIBRE ROLLACH AN CHOIMISIÚIN AGUS FEIDHMIÚ A CHUID OIBRE IN 2011

---

#### INTREOIR

---

Sa chaibidil seo, tugann an Coimisiún breac-chuntas ar ábhar a phríomhfhoilseachán (Tuarascálacha agus Páipéir Chomhairliúcháin) foilsithe le linn 2011 agus gnéithe eile a Chláir Oibre rollaithe. Tá breac-chuntas freisin sa Chaibidil seo ar fhorbairtí ábhartha in 2011 maidir le cur i bhfeidhm moltaí athchóirithe déanta ag an gCoimisiún.

#### ***Tuarascálacha agus Páipéir Chomhairliúcháin in 2011***

In 2011 d'fhoilsigh an Coimisiún 3 Thuarascáil eile eile agus 4 Pháipéar Comhairliúcháin. Seo iad:

- *Tuarascáil ar Leanaí agus an Dlí Toiliú le Cóir Leighis* (LRC 103-2011)
- *Tuarascáil ar Theorannú ar Chaingne* (LRC 104-2011)
- *Tuarascáil ar Chúramóirí Baile Gairmiúla* (LRC 105-2011)
  
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Chiontuithé Gnéis agus Inniúlacht Toilithe* (LRC CP 63-2011)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe Dlí Sibhialta de Dhaoine ar Iarraidh* (LRC CP 64-2011)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Chonarthaí Árachais* (LRC CP 65-2011)
- *Páipéar Comhairliúcháin ar Phianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC CP 66-2011)

Phléigh na foilseacháin seo le 6 thionscadal faoi *Thrú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* an Choimisiúin, chomh maith le hiarratas ón Ard-Aighne, déanta faoi *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, leis an dlí ar phianbhreitheanna sainordaitheacha a scrúdú.

#### ***Clár Oibre Rollaithe in 2011***

In 2011 bhí i gceist le clár oibre rollaithe an Choimisiúin plé gníomhach le cuid mhór de na 37 tionscadal sa *Trú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014*. Mar a luadh cheana, i gCaibidil 6, cuireann an Coimisiún síos ar thoradh a athbhreithnithe ar dhul chun cinn ó 2008 an *Trú Clár*.

#### ***Forbairtí in 2011 ar chur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin***

Maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin, bhí i gceist i roinnt Achtanna a rith an tOireachtas in 2011 cur i bhfeidhm moltaí a rinne an Coimisiún. Áiríodh orthu seo *An tAcht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Illghnéitheacha) 2011* (dliteanas sibhialta de chuid Samárach Maith agus saorálach, leasuithe ar *An tAcht Féimheachta 1988* agus athchóiriú cúirteanna); *An tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais) 2011*; agus *An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011*. Chomh maith leis sin, chuir *Rules of the Superior Courts (Judicial Review) 2011* (SI No.691 of 2011) moltaí an Choimisiúin i bhfeidhm ar nós imeachta um athchóiriú breithiúnach.

Tá roinnt Billí faoi bhráid an Oireachtais bunaithe go hiomlán nó i bpáir ar mholtaí an Choimisiúin. Áirítear orthu seo an *Bille um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012*, an

*Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuíthe Spíonta) 2012, an Bille um Príobháideacht 2006 agus an Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005. Tá roinnt Scéimeanna Bille foilsithe ag an Rialtas chomh maith (nó Cinn Billí) a bhaineann le moltaí den Choimisiún. Áirítear orthu seo Scéimeanna i gcomhair; *Bille Eadrána agus Idir-réitigh, Bille um Thiarnaí Talún agus Tionótaí* agus *Bille um Inniúlacht Mheabhrach*.*

Ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, [www.lawreform.ie](http://www.lawreform.ie), tá rannán tiomnaithe ina bhfuil forbhreathnú ginearálta ar chur i bhfeidhm gach tuarascála den Choimisiún, agus nuashonraítear seo ar bhonn rialta.

### **Ceannteidil a úsáidtear le hobair an Choimisiúin in 2011 a phlé**

Pléitear an t-ábhar sa chaibidil seo faoi na 9 gceannteideal ghinearálta seo a leanas, atá bunaithe don chuid is mór ar na ceannteidil sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014*:

1. An Córas Dlí agus Dlí Poiblí
2. Dlí na Fianaise
3. Dlí Coiriúil
4. Dlí Talún agus Dlí Iontaobhais
5. Sainghrúpaí agus Grúpaí Soghonta i Sochaí atá ag Athrú
6. Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus an Duine Aonair
7. Dlí Tráchtála agus an Dlí Oibleagáidí
8. An Dlí Idirnáisiúnta

## **1. AN CÓRAS DLÍ AGUS DLÍ POIBLÍ**

### **Seirbhís Ghiúiré**

Le linn 2011, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar fhorbairt *Tuarascáil ar Sheirbhís Ghiúiré* (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 1), i ndiaidh fhoilsiú a *Páipéar Comhairliúcháin ar Sheirbhís Ghiúiré* (LRC CP 60-2010). Tá de rún ag an gCoimisiún a Thuarascáil a fhoilsiú in 2013.

### **Dócmhainneacht Phearsanta agus Bainistíocht Fiachais**

In Alt 30 den *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011* rinneadh roinnt leasuithe ar chóras breithiúnach na dócmhainneachta pearsanta san *Acht Féimheachta 1988*, lena n-áirítear tríd an tréimhse urscaoilte a laghdú ó 12 bhliain go 5 bliana agus foráil a dhéanamh i gcomhair urscaoileadh uathoibríoch féimheachtaí atá ann le 12 bhliain nó níos mó. Bhí i gceist leis seo gnéithe den *Tuarascáil Eatramhach ar Bhainistiú an Fhíachais Phearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* (LRC 96-2010). Moltar san *Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012* (atá faoi bhráid an Oireachtais ag am scríofa na Tuarascála Bliantúla seo) príomhmholtaí an Choimisiúin a chur i bhfeidhm i gcomhair córas glanta fiachais neamhbhreithiúnach ina *Tuarascáil ar Bhainistíocht Fiachais Pearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* (LRC 100-2010) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 2).

### **Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse**

In 2011, rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach i dtreo *Tuarascáil ar Bharántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse* a chur i gcrích (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 3). Chuir an Coimisiún ar athló críochnú na Tuarascála go dtí go mbeidh toradh ar an achomharc chuig an gCúirt Uachtarach in *Damache in aghaidh Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí* [2011] IEHC 197, [2012] IESC 11. In *Damache* dhearbhaigh an Chúirt go raibh an chumhacht maidir le barántas cuardaigh in alt 29(1) den *Acht um*

*Chiontaí in Aghaidh an Stáit 1939* (mar a cuireadh isteach le halt 5 den *Acht um an Dlí Coiriúil 1976*), a cheadaigh do bhall den Gharda Síochána barántas cuardaigh a eisiúint nuair a bhí an ball sin páirteach go díreach i bhfiosrúchán coiriúil ar eisíodh an barántas ina leith, go raibh an chumhacht sin neamhbhunreachtúil. Tá de rún ag an gCoimisiún a Thuarascáil ar an ábhar seo a fhoilsiú in 2013.

### **Teorannú ar Chaingne**

In 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Tuarascáil ar Theorannú ar Chaingne* (LRC 104-2011) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 4), a bhí i ndiaidh fhoilsiú a *Páipéar Comhairliúcháin ar Theorannú Chaingne* (LRC CP 54-2009). Scrúdaíonn an Tuarascáil seo na tréimhsí teorannaithe i gcomhair na n-éileamh sibhialta, na n-éileamh conartha agus torta is mó a thugtar chun dlí, atá in *Reacht na dTréimhsí 1957*, mar a leasaíodh.

Nótáladh sa Tuarascáil go bhfuil 7 dtréimhse teorannaithe éagsúla ann (1, 2, 3, 6, 12, 30 agus 60 bliain) in *Reacht na dTréimhsí 1957* atá i bhfeidhm ar réimse leathan caingne sibhialta. Roinntear iad seo i roinnt ceannteideal ginearálta, ar a n-áirítear na “caingne dlí coitianta.” Cuimsíonn an chatagóir seo na príomhchaingne sibhialta ardlíonmhara, mar shampla éilimh a bhaineann le conarthaí (lena n-áirítear éilimh a bhaineann le fiachas) agus tortanna (lena n-áirítear caingne a bhaineann le díobháil phearsanta). Nótáladh sa Tuarascáil go raibh na rialacha seo ina siocair le dlíthíocht maidir le cén teorainn ama a bhí i bhfeidhm i gcás sonrath.

Chomh maith le castacht na rialacha i *Reacht 1957*, is minic gur féidir an chúis go mbaineann teorannú áirithe le caingin shonracha a rianú siar go reachtaíocht ón 17<sup>tú</sup> haois déag. Mar shampla, leagadh amach an tréimhse teorannaithe reatha 6 bliana ar dtús san *Limitation Acht 1623*.

Athbhreithníodh sa Tuarascáil forbairtí i roinnt dlínsí eile ina bhfuil an dlí coiteann, a bhfuil dlíthe “croitheorannaithe” achtaithe acu. Is iad bunghnéithe chórais an chroitheorannaithe i Stáit eile ná: (1) tréimhse buntheorannaithe i ngach cás (comhionann) a bhaineann le beagnach gach caingean sibhialta; (2) dáta comhionann tosaithe; agus (3) tréimhse comhionann teorannaithe deiridh (“stad fada”). Mhol an Coimisiún gur chóir dlí croitheorannaithe a thabhairt isteach in Éirinn mar gheall ar an líon ard éileamh sibhialta, lena n-áirítear éilimh chonartha agus éilimh dhíobhála pearsanta.

I measc na moltaí mionsonraitheacha sa Tuarascáil tá: gur cheart buntréimhse teorannaithe 2 bhliain a bheith ann i gcomhair éilimh chonartha (mar shampla, éilimh a bhaineann le fiachas) agus éilimh torta (mar shampla, éilimh dhíobhála pearsanta); ba chóir don bhuntréimhse teorannaithe rith ó dháta eolas an ghearánaí (an méid a bhí ar eolas ag an ngearánaí nó ar chóir, go réasúnta, a bheith ar eolas aige); ba chóir tréimhse teorannaithe deiridh (“stad fada”) 15 bliana a bheith ann (bheadh cosc reachtúil, mar sin, ar an chuid is mó d'éilimh tar éis 15 bliana); ba chóir rogha bhreithiúnach a bheith ann leis an teorainn ama 15 bliana a shíniú i gcásanna eisceachtúla áirithe. D'áireofaí orthu seo: (a) cás nach raibh aon airí ar dhíobháil ar feadh i bhfad i bhfad (mar shampla, ag éirí as neamhchosaint ar shnáithíní aispeiste); (b) cás gur lagaíodh inniúlacht cinnteoireachta an duine (mar shampla, trí dhrochúsáid ghnéasach nó fhisiciúil); agus (c) cá go raibh calaois nó ceilt ag an gcosantóir (mar shampla, i gcás lena mbaineann cailteanas airgeadais). Tá san áireamh sa Tuarascáil *Bille Teorannaithe* dréachtach a bhfuil de chuspóir leis na moltaí seo a chur i gcrích.

### **Réiteach Comhrognach Aighnis**

In 2012, d'fhoilsigh an Rialtas an Scéim (nó Ceannteidil) *Bille um Eadráin agus Idir-réiteach*. Chuirfeadh Scéim an Bhille i bhfeidhm na príomh-mholtaí in *Tuarascáil ar Réiteach Comhroghnach Aighnis: Eadráin agus Idir-Réiteach* (LRC 98 - 2010) an Choimisiúin (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 5). Tagraíodh Scéim an Bhille don Choiste Oireachtais ar Cheartas Coiriúil, Cosaint agus Comhionannas, dá ndearna an Coimisiún aighneacht scríofa in 2012.

### **Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna**

Leasaíodh in Alt 64 den *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011* ailt 34, 35 agus 38 faoi seach den *Acht Cúirteanna Breithniúnais 1936* maidir le suíonna den Ardchúirt ar Chuaird. Bhí i gceist leis seo moladh a chur i bhfeidhm i mír 2.125 de *Tuarascáil ar Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna* de chuid an Choimisiúin in 2010 (LRC 97-2010). Ag am scríofa na Tuarascála seo, tá san áireamh i gClár Reachtaíochta an Rialtais moladh leis na moltaí ginearálta i dTuarascáil 2010 a chur i bhfeidhm le *Bille Cúirteanna (Comhdhlúthú agus Athchóiriú)* a achtú, a raibh dréacht de mar aguisín le Tuarascáil 2010.

### **Binsí Fiosrúcháin**

Bhí an *Bille um Binsí Fiosrúcháin 2005* bunaithe ar an dréachtbhille, *Bille um Binsí Fiosrúcháin* in *Tuarascáil ar Fhiosrúcháin Phoiblí* an Choimisiúin (LRC 73-2005) (2<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí 8), ag fanacht le Céim na Tuairisce i nDáil Éireann in 2011.

### **Nós imeachta um Athbhreithniú Breithiúnach**

Chuir *Rules of the Superior Courts (Judicial Review) 2011* (SI No.691 of 2011) roinnt moltaí ar nós imeachta um athbhreithniú breithiúnach in *Tuarascáil ar Nós Imeachta um Athbhreithniú Breithiúnach* (LRC 71-2004) (2<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 9).

### **Athráiteas ar an Dlí Reachtúil**

In 2011 lean an Coimisiún ar aghaidh ag ullmhú Athráiteachtaí/Billí Athbhreithnithe faoina *Clár ar Athráiteas ar an Dlí Reachtúil*. Pléitear seo níos mine i gCaibidil 3, thíos.

### **EOLAIRE REACHTAÍOCHTA**

In 2011, lean an Coimisiún ag nuashonrú an Eolaire Reachtaíochta i gcomhair a fhoilsithe ar Leabhar Reachtanna na hÉirean leictreonach (eLSB), arna óstú ag Oifig an Ard-Aighne, [www.irishstatutebook.ie](http://www.irishstatutebook.ie), Pléitear an t-Eolaire Reachtaíochta níos mine i gCaibidil 4 thíos.

### **Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn**

In 2011, lean an Coimisiún ar aghaidh ag nuashonrú ar a shuíomh gréasáin an Liosta Aicmithe Reachtaíochta (Achtanna) in Éirinn. Sa Liosta Aicmithe tá níos mó ná 2,000 Acht den Oireachtas (as níos mó ná 3,000 achtaithe ó 1922) atá go fóill ar leabhar na reachtanna, aicmithe faoi 36 cheannteideal ábhair. Tuigeann an Coimisiún go raibh an Liosta Aicmithe úsáideach ag Ranna Rialtais sa chomhthéacs a bhain le *Orduithe Aistrithe Feidhmeanna* tar éis atheagrú Ranna in 2011.

## **2. DLÍ NA FIANAISE**

### **Fianaise Chlostráhta, Dhoiciméadach agus Shaineolaí**



In 2011, Rinne an Coimisiún dul chun cinn suntasach ar *Tuarascáil ar Dhlí na Fianaise* ilchodach, a chuimseoidh trí thionscadal sa *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí* ina bhfuil trí Pháipéar Comhairliúcháin foilsithe ag an gCoimisiún. Seo iad: *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Chlostrácha i gCasanna Sibhialta agus Coiriúla* (LRC CP 61-2010), *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Leictreonach agus Dhoiciméadach* (LRC CP 57-2009) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 7) agus *Páipéar Comhairliúcháin ar Fhianaise Shaineolaí* (LRC CP 52-2008) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 11). Tá de rún ag an gCoimisiún a Thuarascáil sa réimse seo a fhoilsiú in 2013.

### 3. DLÍ COIRIÚIL

#### **Cosaintí sa dlí coiriúil**

Chuir an *tAcht um an Dlí Coiriúil (Cosaint agus an Teaghais) 2011* i bhfeidhm i bpáirt *Tuarascail ar Chosaintí i nDlí Coiriúil* (LRC 95-2009) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 18).

#### **Cionta Gnéasacha: Inniúlacht Toilithe**

In 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Chiontuithé Gnéis agus Inniúlacht Toilithe* (LRC CP 63-2011) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 12). Tá seo mar chuid den athbhreithniú ginearálta ar an dlí ar chiontaí gnéasacha atá á thabhairt faoi ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Mhol an Páipéar Comhairliúcháin go sealadach aisghairm agus ionadú an dlí reatha ar chionta gnéis a bhaineann le daoine a bhfuil míchumas intleachtúil acu, alt 5 den *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéis) 1993*.

Nótálann an Coimisiún sa Pháipéar Comhairliúcháin go dteipeann ar alt 5 de *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéis) 1993* (a) daoine a bhfuil míchumas intleachtúil acu a chosaint ó theagmháil ghnéasach neamhiarrtha (tá sé teoranta don lanúnas collaí amháin) agus (b) teipeann air daoine a bhfuil míchumas intleachtúil acu a chumasú lena gceart ar léiriú gnéasach (ní thugann sé foráil shoiléir do chúinsí ina mbeadh gnéas comhthoiliúil idir beirt a bhfuil míchumas intleachtúil acu). Tá curtha in iúl ag an mBord Taighde Sláinte go bhfuil corradh is 26,000 duine cláraithe ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Míchumais Intleachtúil.

Is é cur chuige ginearálta an Choimisiúin sa Pháipéar Comhairliúcháin gur chóir don dlí aitheantas a thabhairt do cheart daoine a bhfuil míchumas intleachtúil acu a ngnéasacht a léiriú agus go bhféadfadh siad bheith i mbaol nó tá siad soghonta ar bhealaí eile ó dhúshaothrú nó ó dhrochúsáid ghnéasach. Molann an Coimisiún chomh maith nach mór d'aon athchóiriú sa réimse seo bheith i dteannta le comhordú agus tacaíochtaí cuí idirghníomhaireachta.

I measc phríomh-mholtaí sedaladacha an Choimisiúin sa Pháipéar Comhairliúcháin tá a leanas: ba chóir alt 5 den *Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 1993* a aisghairm agus a ionadú; ní mór an cur chuige feidhmiúil céanna i leith na hinniúlachta a ghlacadh (is é sin, measúnú ar inniúlacht le toiliú bunaithe ar an gcinneadh a thuiscint agus a iarmhairteanna ag an am a ndéantar an cinneadh) maidir le hinniúlacht le pósadh sa dlí sibhialta a mheasúnú agus maidir le hinniúlacht le caidreamh collaí sa dlí coiriúil; go seasta le teist fheidhmiúil na hinniúlachta, níl inniúlacht ag duine le toiliú le caidreamh collaí mura bhfuil sé nó sí in ann: (a) an t-eolas a bhaineann le bheith páirteach sa ghníomh gnéis, agus a iarmhairteanna; (b) an t-eolas sin a choinneáil; (c) an t-eolas sin a úsáid nó a chur sa mheá mar chuid den phróiseas le socrú le bheith páirteach sa ghníomh gnéis; nó (d) a chinneadh nó a cinneadh a chur in iúl; ba chóir go mbeadh cosaint na meancóige réasúnta i bhfeidhm,

mar atá le cionta gnéasacha in éadan páistí, ach níor chóir go mbeadh an chosaint seo ar fáil ag daoine in ionad muiníne nó údaráis.

Chomh maith leis moltar sa Pháipéar Comhairliúcháin gur chóir cion dliteanas dian a bheith ann i gcomhair gníomhartha gnéis déanta ag duine atá in ionad muiníne nó údaráis le duine eile ag a bhfuil míchumas intleachtúil; ba chóir go gclúdódh aon ionadú alt 5 d'Acht 1993 gach foirm d'ionsaí gnéasach agus gníomhartha gnéasacha a dhéanann dúshaothrú ar soghontacht duine, le pianbhreith uasta de 10 mbliana ar chiontú; ba chóir treoirlínte a fhorbairt dóibh siúd atá ag obair sa phróiseas ceartais choiriúil le baic reatha a aithint agus modhanna a scrúdú trínarbh fhéidir rannpháirtíocht daoine fásta le mhíchumais intleachta a fheabhsú, tá prótacal idirghníomhaireachta de dhíth idir seirbhísí cosanta leanaí agus seirbhísí tacaíochta teaghlaigh le cinntiú, sula ndéantar aon ordú faoi *Acht um Chúram Leanaí 1991*, go bhfuil measúnú ar na tacaíochtaí riachtanacha ann, agus oiliúint a chuideodh le tuismitheoirí le míchumais le haire a thabhaird dá bpáistí; agus ba chóir caighdeán náisiúnta a fhorbairt ar chosaintí ó dhrochúsáid ghnéasach do dhaoine fásta i mbaol.

### **Pianbhreitheanna Éigeantacha**

In 2011, chuir an Coimisiún i gcrích a *Páipéar Comhairliúcháin ar Phianbhreitheanna Sainordaitheacha* (LRC CP 66-2011) a foilsíodh in Eanáir 2012. Lean an Páipéar Comhairliúcháin iarratas ón Ard-Aighne faoin *Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975* leis an dlí um phianbhreitheanna sainordaitheacha agus, más cuí, athchóirithe a mholadh maidir leis na tosca ina bhféadfadh sé bheith cuí nó tairbheach foráil a dhéanamh i gcomhair pianbhreitheanna sainordaitheacha i gcomhair cionta.

Sa Pháipéar Comhairliúcháin tá anailís mhionsonraitheach ar fhorbairt an dlí in Éirinn ar phianbhreitheanna sainordaitheacha, agus anailís ar dhlíthe comhchosúla achtaithe i ndlínsí eile mar an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe. Nótáil an Coimisiún nach bhfuil de phianbhreith shainordaitheach in Éirinn ach an phianbhreith saoil ar son dúnmharú - níl aon rogha ag breithiúna anseo agus is éigean dóibh pianbhreith saoil a ghearradh, agus níl de chumhacht acu fiú aon phianbhreith shonrach íosta a mholadh, ní hionann agus an cás i dTuaisceart Éireann mar ar féidir leis an mbreitheamh atá ag gearradh pianbhreithe taraif íosta saoil a mholadh. Scrúdaigh an Coimisiún chomh maith pianbhreitheanna sainordaitheacha “toimhdean” eile, mar iad siúd a tugadh isteach in 1999 ar son cionta áirithe drucaí agus in 2006 ar son cionta áirithe arm tine. Scrúdaigh an Coimisiún chomh maith pianbhreitheanna sainordaitheacha eile ar gá do bhreithiúna pianbhreitheanna níos airde nó comhleanúnacha a ghearradh más athchiontóir an duine a chiontaítear nó má tá cionta déanta le linn bannaí.

Sa Pháipéar Comhairliúcháin, tacaíonn an Coimisiún leis an dearcadh gur chóir don Chomhairle Bhreithniúnach atá molta treoir chuí a fhorbairt agus a fhoilsiú ar phianbhreith; agus chomh maith molann sé go sealadach go mbeidh siad seo i leith cinntí den Chúirt Achomhairc Choiriúil, leis na prionsabail phianbhreithe a phléitear sa Pháipéar Comhairliúcháin, agus le heolas i mbunachair shonraí mar Chóras um Eolas ar Phianbhreith in Éirinn de chuid na Seirbhíse Cúirte. Mhol an Coimisiún go sealadach chomh maith, cé go bhféadfaí an phianbhreith go hiomlán sanordaitheach a chur i bhfeidhm ar an dúnmharú, gur chóir í a leasú le foráil a dhéanamh gur chóir don chúirt, ar lá na pianbheithe, bheith in ann a chur in iúl nó a mholadh gur chóir téarma íosta ar leith a bheith le déanamh ag an gcosantóir, agus aird ar thoscaí áirithe an chionta agus an chosantóra.

Mhol an Coimisiún go sealadach chomh maith nár chóir an córas pianbhreithe toimhdean a bhaineann i gcás cionta áirithe drugaí agus arm tine a shíneadh chuig aon chion eile agus gur chóir é a athbhreithniú mar, cé gur éirigh leis i guspóir amháin, is é sin, pianbhreitheanna níos déine ar son drugaí ciontaí áirithe drugaí agus arm tine, níl sé cruthaithe go bhfuil cuspóir ginearálta eile den chóras ceartais

choiriúil, is é sin leibhéal laghdaithe choiriúlachta trí dhíspreagadh. Nótáil an Coimisiún, go háirithe, go raibh na torthaí seo a leanas ag an gcóras cionta toimhdean drugaí: córas leatromach pianbhreithe ina bpléitear le gach cás mar an gcéanna, gan bheann ar dhifríochtaí i dtosca ar leith na gciontóirí; oiriúnú thionscada mídhleathach na ndrugaí don chóras pianbhreithe trí chuiréirí sochailte a úsáid le drugaí a choinneáil agus a aistriú; gurb iad na ciontóirí seo ar leibhéal atá, i gcomparáid, measartha íseal seachas iad siúd atá ag barr thionscadal na ndrugaí a ghabhtar agus a bpléitear leo faoin gcóras toimhdean, líon mór pléadálacha ciontacha leis an bpianbhreith toimhdean íosta a sheachtaint; agus boilsc mar sin sa chóras príosún de chiontóirí drugaí ar leibhéal íseal.

Molann an Coimisiún go sealadach chomh maith nár chóir an reachtaíocht reatha maidir le pianbhreith shainordaitheach (agus, nuair a bhíonn sé ábhartha, pianbhreitheanna toimhdean sainordaitheacha) mar a bhaineann sé i gcás athchionta agus cionta ina dhiaidh sin, a shíneadh chuig aon chion eile, ach measann an Coimisiún chomh maith, mar mholadh ginearálta, creatlach reachtúil a chuireann san áireamh nuair a chuirtear pianbhreith ar athchiontóirí agus atá i gcomhréir le haidhmeanna ginearálta an chórais cheartais choiriúil agus le haidhmeanna pianbhreithe.

#### **Ciontuithe caite**

Bhí an *Bille um Cheartas Coiriúil (Ciontuithe Spíonta) 2012*, a chuirfeadh i bhfeidhm na príomh-mholtaí i dtuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Chiontuithe* (LRC 84-2007) (2<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 10), ag fanacht leis an Dara Céim i Seanad Éireann in 2012.

## **4. DLÍ TALÚN AGUS DLÍ IONTAOBHAIS**

#### **Ríomhthíolacadh**

Le linn 2008 go 2010, bhí an Coimisiún páirteach in idirchaidreamh leanúnach leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an tUdarás Clárúcháin Maoine, Cumann Dlí na hÉireann agus páirtithe leasmhara eile maidir le forbairt córais Ríomhthíolacadh (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 22). In 2011, shocraigh an Coimisiún, mar gheall ar an ábhar seo a bheith á fhorbairt ag na páirtithe eile sin, nár cheart dó leanúint ar aghaidh le níos mó oibre ar an tionscadal seo mar bhí na forbairtí seo dulta chun cinn air.

#### **Seilbh Chodarsna**

Le linn 2011, d'athbhreithnigh An Coimisiún an dul chun cinn ar chur i gcrích a thionscadail ar dhlí na Seilbhe Codarsna (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 20). Is minic a chuirtear síos ar an réimse seo den dlí mar an dlí ar “chearta suiteoirí” ach baineann an chuid is mó de chásanna a bhaineann le seilbh chodarsna leis an ngá le teideal a shoiléiriú i gcás, mar shampla, go bhfuil mac nó iníon i seilbh réadmhaoine le blianta fada tar éis í a fháil le huacht ó thuismitheoirach nuair nár tharla aon chlárú foirmiúil teidil. Chinn an Coimisiún ar thuilleadh oibre ar an tionscadal a chur ar athló ag feitheamh le toradh chinneadh na Cúirte Uachtaraí in *Shirley v A O’Gorman & Co Ltd* [2012] IESC 5.

#### **Dlí Iontaobhais agus na hAchtanna um Thalamh Socraithe**

In 2011, chuir an Coimisiún i gcrích obair ar a thionscadal ar dhlí iontaobhais agus na Dlíthe um Thalamh Lonnaithe (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 21), a éiríonn as aisghairm na hAchtanna um Thalamh Socraithe agus ag an an *Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009*. Bhí i gceist leis seo ullmhú (i gcomhpháirt leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais) dréachtmholtaí ar iontaobhais talún socraithe le bheith san áireamh i Scéim Bille Iontaobhas (Ceannteidil Bhille). Ag am

scríofa na Tuarascála Bliantúla seo, tuigtear don Choimisiún go bhféadfadh an Rialtas Scéim Bille Iontaobhas in 2013.

### **Forbairtí Ilionad, lena n-áirítear coimpléacsanna árasán**

The *Multi-Unit Developments Act 2011* implemented the key elements in the Commission's *Report on Multi-Unit Developments* (LRC 90-2008) (2<sup>nd</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 22).

## **5. SAINGHRÚPAÍ AGUS GRÚPAÍ SOGHONTA I SOCHAÍ ATÁ AG ATHRÚ**

### **Leanaí agus an Dlí: cóireáil leighis**

In 2011 d'fhoilsigh an Coimisiún a *Tuarascáil ar Leanaí agus an Dlí Cóir Leighis Toilithe* (LRC 103-2011) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 26). Ba é ba chuspóir leis na moltaí sa Tuarascáil (a) an dlí reatha a shoiléiriú gur féidir le daoine atá 16 agus 17 toiliú le cóireáil leighis; (b) a chinntiú go gcuirtear na tuairimí ag mionúr (iad siúd atá faoi 16) san áireamh go hiomlán nuair a lorgaíonn siad cóireáil leighis, agus (c) soiléire a thabhairt do thuismitheoirí, caomhnóirí agus proifisiúnaigh chúraim shláinte. Sa Tuarascáil chomh maith tá *Bille Sláinte (Leanaí agus Toiliú le Cóir Cúram Sláinte)* dréachtach ann agus *Scéim Imlíne de Bhille um Sláinte Meabhrach (Leasú)* leis na moltaí sin a chur i bhfiedhm.

Aithnítear sa Tuarascáil go bpléann sé leis an idirghníomh casta idir cearta, freagrachtaí agus ról thuismitheoirí agus daoine óga. Cuirtear in iúl sa Tuarascáil gurb iad thuismitheoirí agus caomhnóirí, faoin mBunreacht agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar chearta daonna, a mheastar bheith san áit is fearr le cinntiú go bhfuil cearta a leanaí á gcur i bhfeidhm sa chleachtas, go háirithe i gcás páistí an-óg. De réir mar a théann páistí in aibíocht agus iad ag fás aníos, ní mór a n-inniúlacht lena gcearta a chleachtadh a aithint. Cuirtear in iúl sa litríocht ar luathfhorbairt an duine fhásta gur próiseas céimnitheach atá sa teacht in aibíocht de ghnáth a tharlaíonn de réir mar a thagann an duine óg i dtreo aois an duine fhásta, go n-imríonn a lán tosca tionchar air seo, lena n-áirítear a dtáithí ar an saol (mar shampla, eispéiris sláinte agus mhíochaine) agus tionchair níos leithne ón tsochaí. Aithnítear an próiseas céimnitheach aibíochta seo sa dlí chomh maith, ina leagtar síos in amanna tairsí deifínideacha aoise i gcomhair ábhar sonracha (go háirithe sa dlí coiriúil) agus leagtar síos in amanna rialacha bunaithe ar theisteanna aibíochta agus tuisceana (mar shampla, nuair a dhéantar measúnú ar cé acu ar cheart nó nár cheart tuairimí linbh nó duine óig a chur san áireamh in imeachtaí a bhaineann le cúram leanaí nó uchtúí). Tá sé seo curtha san áireamh ag an gCoimisiún sa Tuairisc.

I measc na moltaí sa Tuairisc tá:

1. *Daoine atá 16 bliana agus 17 mbliana d'aois*: Molann an Coimisiún gur chóir a thiomhdiú go bhfuil láninniúlacht ag daoine atá 16 bliana agus 17 mbliana d'aois (bunaithe ar theist fheidhmiúil go dtuigeann siad an cinneadh a bhaineann le cúram sláinte agus a iarmhairteanna) toiliú le cúram sláinte agus cóireáil leighis agus diúltú dóibh. Áirítear air seo: comhairle, leigheas thar an gcuntar, máinlíocht, rochtain ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí meabharshláinte. Nótáil an Coimisiún sa Tuarascáil go ndéanann alt 23 den *Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine 1997* foráil cheana go bhfuil toiliú arna thabhairt ag duine atá 16 bliana nó 17 mbliana ina chosaint in oan ionchúiseamh coiriúil um ionsaí in aghaidh proifisiúnaigh leighis.
2. *Daoine faoi 16 bliana*: Molann an Coimisiún nár chóir daoine atá faoi bhun 16 a thiomhdiú a bheith inniúil le toiliú do chóir leighis nó í a dhiúltú; ach, i dtosca eisceachtúla, go bhféadfadh siad in ann a cheadú nó a dhiúltú, bunaithe ar mheasúnú ar a n-aibíocht, agus ar thiomhdiú go mbeidh a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí páirteach de ghnáth.

3. I measúnú ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil duine faoi bhun 16 aibí go leor le cóireáil leighis a cheadú nó a dhiúltú beidh gá leid na tosca seo a leanas a chur san áireamh: (a) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé nó sí aibí go leor leis an eolas a bhaineann leis an gcinneadh áirithe a thuiscint agus lena iarmhairteanna féideartha a thuiscint; (b) cé acu an bhfuil nó nach bhfuil a thuairimí nó a tuairimí seasmhach agus an léiríonn nó nach léiríonn a chuid nó a cuid luachanna agus creideamh; (c) cineál, cuspóir agus fóntas na cóireála; (d) na rioscaí agus na tairbhí atá i gceist sa chóireáil; agus (e) aon bhreithnithe áirithe eile leasa, cosanta nó sláinte poiblí, mar chur i bhfeidhm sainordaitheach na dTreoirí ó 2011, *Tús Áite do leanaí*.
4. I gcás go ndiúltaíonn aon duine faoi bhun 18 cóireáil bheathachothaitheach bheadh iarratas chuig an Ardchúirt ag teastáil le cinneadh a dhéanamh ar bhailíocht aon diúltú mar seo.
5. Molann an Coimisiún an *tAcht um Meabhair-Shláinte 2001* a leasú le foráil shonrach a dhéanamh do dhaoine faoi bhun 18: mar shampla, gur chóir Binse Fiosrúcháin Meabhair-Shláinte a n-iontráil agus a gcóireáil a athbhreithniú seachas an Chúirt Dúiche.
6. Molann an Coimisiún go bhfoilseofaí Cód Cleachtas mionsonraithe reachtúil le treoir a thabhairt ar chur i bhfeidhm mholtaí an Choimisiúin; agus go gcuirfeadh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige Meitheal le bonn leathan le comhairle a thabhairt ar a inneachar (ar an mballraíocht ba chóir go mbeadh ionadaithe tuismitheoirí, daoine óga agus proifisiúnaigh chúraim shláinte).

### **Gnéithe Dlí de Chúramóirí Baile Proifisiúnta**

In 2011, chuir an Coimisiún i gcrích a *Tuarascáil ar Ghnéithe Dlí den Chúram Baile Proifisiúnta* (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 29) agus foilsíodh é in Eanáir 2012. Mhol an Tuarascáil gur chóir cumhachtaí breise rialaithe agus cigireachta a thabhairt don Údarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) le cinntiú go bhfuil caighdeán chuí dlí i bhfeidhm i gcomhair gníomhaíochtaí a chuireann ar fáil cúram baile proifisiúnta (ní mholann an Tuarascáil go mbeadh córas rialaithe agus cigireachta an HIQA i bhfeidhm ar chúramóirí neamh-fhoirmiúla, mar bhaill teaghlaigh). Tá san áireamh sa Tuarascáil *Bille Sláinte (Cúram Baile Proifisiúnta)* dréachtach leis na moltaí seo a chur i gcrích.

Nótáil an Tuarascáil go bhfuil an líon daoine ina gcónaí in Éirinn atá os cionn 65 ag dul in airde le blianta beaga anuas, agus táthar ag réamh-mheas go rachaidh sé in airde ag ráta fiú níos mó sna deiceanna de bhlianta seo romhainn. Nótáladh freisin go bhfuil formhór mór na ndaoine atá os cionn 65 bliain d'aois ag iarraidh fanacht ina gcónaí ina dtithe féin a fhad agus is féidir. D'aithin an Tuarascáil freisin gurb é polasaí an Rialtais tacú leis an rogha shoiléir seo, arb é an léiriú is soiléire an soláthar le blianta beaga anuas tacaíocht cúram baile, go príomha trí an Roinn Sláinte agus an Feidhmeannas Seirbhíse Sláinte (FSS). Ag an am céanna, tá comh-mhacasamhail sholáthar cúram baile an Stáit le feiceáil i soláthraí tráchtála cúram baile ag teacht chun cinn.

Cuireadh in iúl sa Tuarascáil gurb é HIQA, faoin *Acht Sláinte 2007*, an t-eagrais rialaithe agus socraithe caighdeán do shuíomh an bhaile altrachta chónaithe. In 2009, d'fhoilsigh HIQA caighdeán náisiúnta i gcomhair shuíomh an chúraim chónaithe, a chuimsíonn 5% den chatagóir os cionn 65. Ní chumasann an *tAcht Sláinte 2007*, áfach, HIQA le caighdeán inchomparáide i gcomhair sholáthar an chúraim shláinte sa suíomh baile, a chlúdódh an 95% eile den chatagóir os cionn 65 (nótáil an Tuarascáil nach bhfuil cúram baile ag teastáil ar an ngrúpa seo go léir). Mhol an Coimisiún, mar sin, sa Tuarascáil gur chóir an *tAcht Sláinte 2007* a shíneadh le ligean do HIQA le cúram baile proifisiúnta a rialú.

I measc na sainmholtaí sa Tuarascáil tá:

- Ba chóir HIQA a chumasú le gníomhaíochtaí a chuireann cúram baile proifisiúnta ar fáil a rialú agus a mhonatóiriú (bíodh sin san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, agus bíodh siad brabúsach no neamhbhrabúsach)
- Cé gur dócha gurb iad príomhthairbhíthe rialaithe nua HIQA iad siúd atá os cionn 65, ba chóir go mbainfeadh an chórais mholta le cúram baile proifisiúnta a thugtar d'aon duine fásta os cionn aois 18 ina mbaile féin
- Ba chóir caighdeán náisiúnta HIQA i gcomhair cúramóir baile bheith saincheapta i gcomhair shuíomh an chúraim bhaile, ag tógáil ar threoirlínte dréachtacha an FSS ar chúram baile ó 2008 agus caighdeán reatha HIQA i gcomhair bailte altramais
- ba chóir aird a bheith sna caighdeán mholta ar phrionsabail shainiúla lena n-áirítear ceart fhaightear an chúraim ar chónaí neamhspleách, príobháideachas, dínit, dea-chaighdeán cúraim agus cosaint ó dhrochúsáid.
- ba chóir clár sonracha cúramóirí baile proifisiúnta a bheith ann a leagfadh amach riachtanais shonracha maidir le clárú agus monatóiriú cúramóirí baile proifisiúnta
- ba chóir téarmaí agus coinníollacha socrúithe cúraim bhaile a bheith aontaithe idir cúramóirí baile proifisiúnta agus faighteoirí, agus chuirfí seo i dtaifead i gconradh cúraim leis an gcosaint is mó a thabhairt don fhaighteoir cúraim
- ba chóir polasaithe soiléire agus nósanna imeachta a bheith sa chonradh cúraim, i dteanga shoiléir, maidir le láimhseáil airgid agus maoin phearsanta an fhaighteora cúraim ag an gcúramóir proifisiúnta
- ba chóir an rogha a bheith ag duine ar mian leis nó léi tabhairt faoi shocrú i gcomhair soláthar cúram baile proifisiúnta conradh a dhéanamh le hidirghabhálaí, bíodh sin ina eagrais Stáit (leithéid an FSS) nó eagrais ón earnáil phríobháideach, a dhéanfaidh socrú i gcomhair soláthar cúraim agus a ghlacfaidh orthu féin freagrachtaí fostaitheora i leith an chúramóra baile phroifisiúnta

Nótáil an Coimisiún freisin sa Tuarascáil an tábhacht a bhaineann le socrúithe maoinithe i gcomhair cúram baile, agus bhí suirbhé ann ar fhorbairtí le deireanas, ach ó tharla gur ábhar a bhaineann le forbairt leanúna polasaí rialtais, ní dhearna an Coimisiún aon mholtaí ar an réimse seo.

## 6. TEICNEOLAÍOCHT, NUÁLAÍOCHT AGUS AN DUINE AONAIR

### Atáirgeadh Daonna Cuidithe

In 2011, shocraigh an Coimisiún, de bhrí go raibh an Roinn Sláinte páirteach in athbhreithniú ginearálta ar an dlí ar atáirgeadh daonna cuidithe, nár cheart dó leanúint ar aghaidh le níos mó oibre ar an tionscadal seo (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 31) mar bhí na forbairtí seo dulta chun cinn air.

## 7. DLÍ TRÁCHTÁLA AGUS AN DLÍ OIBLEAGÁIDÍ

### Conarthaí Árachais

In 2011, chuir an Coimisiún i gcrích a *Páipéar Comhairliúcháin ar Chonarthaí Árachais* (LRC CP 65-2011) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 34) agus foilsíodh é in Eanáir 2012. Nótáil an Páipéar Comhairliúcháin go bhfuil prionsabail fhadabhunaithe den dlí coiteann san áireamh i ngnéithe áirithe den dlí árachais chonarthaí. Áirítear air seo na prionsabail go bhfuil dualgas ar an duine a ghlacann amach an polasaí árachais eolas ábhartha a nochtú a bhaineann leis a riosca atáthar ag iarraidh ar an árachóir a ghlacadh. Cuireann an Páipéar in iúl chomh maith go bhfuil athruithe tábhachtacha déanta ar rialacha an dlí choiteann ag roinnt *Achtanna Árachais* achtaithe ag an Oireachtas cheana féin. Chomh maith leis sin, in *Cód Cosanta an Tomhaltóra 2012* ag an mBanc Ceannais tá freisin prionsabail ghinearálta agus rialacha sonracha a bhaineann le formáid agus ábhar conarthaí árachais. Ina dteannta na nuálaíochtaí reachtúla seo, tá Cóid Chleachtais dheonacha forbartha freisin ag eagrais ionadaíocha, lena n-áirítear Cónaidhm Árachais na hÉireann (CÁÉ), agus is

dóigh leis an gCoimisiún go bhfuil tuilleadh féidearthachta acu seo má thugtar tacaíocht reachtúil dóibh.

I measc na sainmholtaí sa Pháipéar Comhairliúcháin tá:

- ba chóir d'eagrais rialaithe (go háirithe an Banc Ceannais agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí) leanúint ar aghaidh ag déanamh cumarsáide le chéile le Cóid Chleachtais uileghabhálacha a fhorbairt a leagann amach caighdeán an chleachtais is fearr, ag tógáil ar chaighdeán an chleachtais is fearr forbartha ag Cónaidhm Árachais na hÉireann agus múnla reachtúil *Cód Cosanta Tomhaltóir 2012* an Bhainc Cheannais; bheadh siad seo, go ginearálta, i bhfeidhm ar chonarthaí árachais tomhaltóirí agus orthu siúd a bhaineann le fiontraíochtaí beaga agus méanmhéide (FBManna).
- in aon dlíthíocht nó próiseas réitithe eile aighnis, ba chóir Cóid Chleachtais reachtúla mar seo a bheith inghlactha i bhfianaise; agus, má tá aon fhoráil de Chód mar seo bainteach le ceist a thagann chun cinn sa dlíthíocht nó próiseas réitithe eile aighnis, d'fhéadfaí an fhoráil a chur san áireamh agus an cheist sin á cinneadh, ach bheadh seo gan dochar do na cearta substainteacha idir na páirtithe.
- ba chóir don reachtaíocht foráil a dhéanamh nach féidir éileamh árachais atá bailí ar shlí eile a bheith diúltaithe ag an árachóir ar an mbonn amháin nach bhfuil leas inárachais” ag an áracháí mar a sainmhíodh go traidisiúnta é, is é sin caidreamh dleathach nó cothromasach idir an t-áracháí agus ábhar an chonartha árachais. Mhol an Coimisiún go sealadach, ina áit sin, gur chóir leas inárachais, ar mhaithe le cinnteacht, a bheith sainmhínithe sa reachtaíocht (le cásdlí reatha na hÉireann a léiriú) mar leas a fheidhmíonn nuair a d'fhéadfadh duine tairbhe a bhaint as an ábhar an árachais a bheith ann go fóill nó a chumhdach nó arbh fhéidir dochar a bheith déanta dó mar gheall ar a chaillteanas; agus bheadh an sainmhíniú seo i bhfeidhm ar árachas neamhshaoil (go háirithe árachas maoinne agus dliteanais) agus ar árachas saoil. Maidir le polasaithe saoil, mhol an Coimisiún go sealadach freisin athchóiriú na catagóire “grá agus gean nádúrtha” de leas inárachais le pairnéireacht shibhialta, aontíos agus caidrimh theaghlaigh eile a chuimsiú.
- ba chóir an dualgas réamhchonartha maidir le nochtú sa dlí maidir le conradh árachais a choinneáil, ach ba chóir (de réir cásdlí údarásaigh in Éirinn) é a shrianú go fíricí nó tosca ar a bhfuil fíoreolas ag an duine atá ag déanamh iarratas ar árachas, an togróir, agus nach síneodh an dualgas nochtaithe, mar sin, go gach fíric nó toisc ar cheart iad a bheith ar eolas aige nó aici (eolas cuiditheach).
- ba chóir an dualgas reatha ar an togróir/áracháí freagraí “fíora” a thabhairt a ionadú le dualgas ceisteanna sonracha a fhreagairt go hionraic agus go cúramach. Bhreithnigh an Coimisiún chomh maith nach mór don árachóir a chinntiú go bhfuil aon cheist a chuirtear i scríbhinn ar an togróir/áracháí dréachta i dteanga shoiléir shothuigthe; gur chóir go mbeadh aon cheist mar seo bheith sonracha maidir leis an eolas atá an t-árachóir á lorg agus má tá amhras ann faoi bhrí ceiste, is cóir í a léirmhíniú trí thagairt dá bhfuil cothrom agus réasúnta; agus gur cheart breathnú ar theip árachóra freagra atá go follasach neamhiomlán a leanúint mar tharscaoileadh ar an dualgas nochtaithe i gcásanna cuí.

#### **Dlíteanas Sibhialta Samárach Maith agus Saorálaithe**

Chuir Alt 4 den *Acht um an Dlí Sibhialta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2011*, a chuir isteach Cuid nua IVA isteach san *Acht um Dhlíteanas Sibhialta 1961* (a chuimsíonn codanna 51A go 51G d'Acht 1961), i bhfeidhm na príomh-mholtaí i dTuarascáil an Choimisiúin, *Tuarascáil ar Dhlíteanas Sibhialta Samarátánach Maith agus Saorálaithe* (LRC 93-2009). Lean an Coimisiún iarratas ón Ard-Aighne, faoin *Acht Fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975*, le dlíteanas Samarátánach Maith agus Saorálaithe a scrúdú.

## 7. AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

### Gnéithe Dlí Sibhialta de Dhaoine ar Iarraidh

In 2011, d'fhoilsigh an Coimisiún *Páipéar Comhairliúcháin ar Ghnéithe Dlí Sibhialta de Dhaoine ar* (LRC CP 64-2011) (3<sup>ú</sup> Clár um Athchóiriú an Dlí, Tionscadal 37). Nótáil an Páipéar Comhairliúcháin go dtuairiscítear idir 7,000 agus 8,000 duine ar iarraidh gach bliain in Éirinn, beagnach 20 gach lá. Nochtaíonn an chuid is mó acu taobh go hanluath, agus fanann níos lú ná 1% ar iarraidh ar feadh i bhfad. Thuairiscigh Biúró na nGardaí um Dhaoine ar Iarraidh go raibh, idir 2003 agus 2010, 53,915 tuairisc ar dhaoine ar iarraidh, agus acu seo d'fhan 381 ar iarraidh ag deireadh 2010.

Chuir an Páipéar Comhairliúcháin in iúl chomh maith, i gcomhthéacs an fhoréigin i dTuaisceart Éireann ó na 1970í go dtí go mall sna 1990í, go bhfuil san áireamh ar dhaoine ar iarraidh na daoine "As Amharc," grúpa de 17 nduine a mheastar a bheith maraithe ach nár thángthas ar a gcorp. Faoi 2011 bhí 10 gcorp faighte ag an gCoimisiún Neamhspleách um Aimsiú Taise, a bunaíodh tar éis Chomhaontú Aoine an Chéasta in 1998 lena dtaise a aimsiú, mar sin bhí 7 de na daoine "As Amharc" go fóill ar iarraidh in 2011. Ag teacht ón gcúlra seo, d'achtaigh Tionól Thuaisceart Éireann an *Presumption of Death (Northern Ireland) act 2009*, a ligeann do ghaolta iarratas a chur isteach ar chúirt ar son ordú toimhdiú báis.

Rinneadh amach sa Pháipéar Comhairliúcháin, chomh maith leis an ngá le creatlach reachtaíochta i gcomhair orduithe toimhdiú báis, go bhfuil gá le socruithe a bheith i bhfeidhm le déileáil le roinnt fadhbanna láithreacha do neasghaolta duine atá ar iarraidh (ar a nglaoitear go minid an mhuintir a fágadh). Go háirithe, tá gá le rochtain a cheadú ar bhanc cuntais duine atá ar iarraidh (go háirithe nuair a bhíonn an cuntas bainc ina ainm nó ina hainm féin amháin) ionas gur féidir billí a íoc. Mhol an Coimisiún go sealadach, mar sin, gur chóir reachtaíocht a achtú le ligean don teaghlach a fágadh deontas teoranta riaracháin ar eastát an duine atá ar iarraidh a ghlacadh amach (trí Oifig Phrohbháide na hArdchúirte). Ligfeadh seo don teaghlach billí a íoc nó, mar shampla, árachas a athnuachan ar charr nó ar ghluaisrothar. D'fhéadfadh an próiseas seo bheith i bhfeidhm ar feadh suas le 2 bhliain (le síneadh féideartha suas le dhá bhliain eile).

Maidir le toimhdiú báis, nótáil an Páipéar Comhairliúcháin gurb é an dlí reatha go bhfuil toimhdiú ann go bhfuil duine atá ar iarraidh beo suas le 7 mbliana agus go bhfuil toimhdiú báis i bhfeidhm tar éis 7 mbliana. Is féidir na toimhdithe seo a fhrisnéisiú le fianaise, ionas gur féidir a thoimhdiú go bhfuil duine marbh nuair atá siad ar iarraidh le níos lú ná 7 mbliana; agus ní bhíonn toimhdiú báis ann i gcónaí mar gheall ar dhuine a bheith ar iarraidh 7 mbliana. Tá an dlí reatha teoranta mar ní cheadaíonn sé ach do bhaill teaghlaigh amháin iarratas a chur isteach chuig an Ardchúirt le heastát na ndaoine atá ar iarraidh a bheith faoi riarachán. Go hannamh tionóladh coiste cróinéara ar dhuine ar iarraidh, rud is féidir go mbeadh toradh air fógairt báis chróinéara, a ligeann don teaghlach teastas báis a fháil. Chuir an Coimisiún in iúl gur tharla seo in 2011 i gcoiste cróinéara ar bhean a d'imigh ar iarraidh ó ospidéal i mBaile Átha Cliath in 1979 in aois a 57.

Sa Pháipéar Comhairliúcháin mhol an Coimisiún go sealadach athchóiriú ar an dlí maidir le bás toimhdithe, go háirithe le cinntiú gur féidir le teaghlaigh déileáil, a fhad agus is féidir, sa bhealach is lú costas leis an tráma mothúcháinach a bhaineann leis an té a bhfuil gean orthu imeacht ar iarraidh. San áireamh leis seo bheadh leasú ar an *Acht Cróinéirí 1962* lena dhéanamh soiléir go bhféadfaidh teaghlaigh dhaoine atá ar iarraidh iarratas a dhéanamh le dearbhú bás toimhdithe a fháil; bheadh seo i bhfeidhm i gcásanna ina bhfuil an bás beagnach cinnte. I gcásanna ina bhfuil bás rídhóchúil, mhol an Coimisiún go sealadach go mbeadh iarratas cúirte ag teastáil, ach ligfeadh sé seo ní hamháin riaradh eastát an duine atá ar iarraidh ach freisin ordú toimhdiú báis a dhéanamh. Ligfeadh sé seo do theaghlach an duine atá ar iarraidh teastas báis a fháil. Mhol an Coimisiún go sealadach, a fhad is gur féidir, go cheart don dlí sa Stát seo



bheith ina mhacasamhail ag forálacha an *Presumption of Death (Northern Ireland) Act 2009*, ionas go mbeadh aon chásanna a bhaineann leis na daoine “ar iarraidh”, arbh fhéidir déileáil leo sa Stát, bunaithe ar chreat dlíthiúil comhchosúil.

Rinneadh moltaí sealadacha freisin sa Pháipéar Comhairliúcháin le deileáil leis na tosca annamha a mbíonn duine ar iarraidh ar dearbhaíodh é a bheith marbh beo go fíor agus go bhfilleann sé nó sí. Cheadódh moltaí sealadacha an Choimisiúin maoine a thabhairt ar ais dó nó di (faoi réir aon orduithe do-iompaithe a rinneadh san idirlinn). D'iarr an Coimisiún aighneachtaí freisin ar stádas aon dara pósadh/páirtneireacht shibhialta arbh fhéidir a bheith déanta ag céile/páirtí sibhialta a fhad is go raibh an duine ar iarraidh. Is é an dlí reatha go mbeadh an dara pósadh/páirtneireacht shibhialta go hiomlán neamhbhailí.

## CAIBIDIL 3

### ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACHTÚIL

---

#### FORBHREATHNÚ

---

In 2011, chuir an Coimisiún i gcrích obair ar a *Céad Chlár Athráiteas ar an Dlí Reachtúil* (a bhí sínte in 2009) trí na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010 a chríochnú agus a fhoilsiú. Rinne an Coimisiún dul chun cinn maith maidir lena dhara Clár Athráiteas ar an Dlí Reachtúil. Cuireadh gach Acht srianaithe ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin i bhfoirm réamhdheimhnithe, ag feitheamh le deimhniú ag an Ard-Aighne faoin Acht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002 nó socruithe eile a dhéanamh.

Thosaigh an Coimisiún caibidlí le hOifig an Ard-Aighne maidir leis an bpróiseas dearbhaithe agus modhanna eile dearbhaithe. Ba é an comhthéacs an nós imeachta ciotach dá dtagraítear in Acht 2002 agus saincheisteanna acmhainní sa dá eagraíocht. Aontaíodh go bhfiosrófaí an cheist a thuilleadh in 2012 d'fhonn infhaighteacht phoiblí na hoibre déanta go dáta agus athráitis nó foirmeacha eile comhdhlúthuithe riaracháin a uasmhéadú.

---

#### OBAIR IN 2011 AR CHLÁIR AN CHOIMISIÚIN UM ATHRÁITEAS AR AN DLÍ REACHTÚIL

---

Cuireadh *Chéad Chlár Athráitis* an Choimisiúin i gcrích, cuid mhór, in 2010, ach amháin an reachtaíocht um Thrácht ar Bhóithre. Cuireadh athráitis na nAchtanna seo i gcrích le linn 2011.

Is é atá i gceist le *Dara Clár Athráitis* an Choimisiúin 12 ghrúpa d'Achtanna agus 3 ghrúpa breise, le tabhairt faoi má bhíonn am ann. Is iad seo a leanas na grúpaí Achtanna:

1. Dobharshaothrú
2. Leanaí
3. An Dlí Coiriúil (an tAcht um Bannaí agus Ciontaí in Aghaidh an Stáit)
4. Dumpáil ar Muir
5. Toghcháin (má bhíonn am ann)
6. Fostaíocht
7. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
8. Comhphobil Eorpacha
9. Teaghlach
10. Urthrá
11. Náisiúntacht agus Saorántacht Éireannach
12. Meabhairshláinte
13. Pleanáil agus Forbairt
14. Bainistiú Dramhaíola (má bhíonn am ann)
15. Uisce (má bhíonn am ann)

Tá sonraí iomlána na nAchtanna san áireamh sa Dara Clár leagtha amach ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Ullmhaíodh athráitis na nAchtanna seo a leanas ón *Dara Clár* le linn 2011, go príomha ó na grúpaí Fostaíocht agus Trácht ar Bhóithre (an dara ceann ón gCéad Clár). Foilsíodh (agus foilsítear fós) athráitis nua ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin de réir mar a bhíonn siad ar fáil. Chomh maith leis sin, bhí Achtanna áirithe athráite cheana nuashonraithe le linn 2011.

[An tAcht um Bannaí 1997](#)  
[Acht na Leanaí 2001](#)  
[An tAcht um Fhostaithe \(Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar\) 2006](#)  
[Acht um Ghníomhaireacht Fostaíochta 1971](#)  
[An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2003](#)  
[An tAcht um Cheadanna Fostaíochta 2006](#)  
[An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon 1964](#)  
[An tAcht Caidrimh Thionscadail 1946](#)  
[An tAcht Caidrimh Thionscadail 1969](#)  
[An tAcht Caidrimh Thionscadail 1976](#)  
[An tAcht Caidrimh Thionscadail 1990](#)  
[An tAcht Caidrimh Thionscadail \(Leasú\) 2001](#)  
[An tAcht Oiliúna Tionscail 1967](#)  
[An tAcht um Áiseanna Saothair 1987](#)  
[An tAcht um Údaráis Áitiúla \(Maoir Thrácht\) 1975](#)  
[A tAcht um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973](#)  
[An tAcht um Pá Íosta Náisiúnta 2000](#)  
[An tAcht um Chiste Náisiúnta Oiliúna 2000](#)  
[An tAcht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003](#)  
[An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997](#)  
[An tAcht um Íocaíocht Tuarastal 1991](#)  
[An tAcht um Chosaint Fostaithe \(Dócmhainneacht Fostóirí\), 1984](#)  
[An tAcht um Chosaint Fostaithe \(Obair ar Théarma Seasta\), 2003](#)  
[An tAcht um Chosaint Fostaithe \(Obair Pháirtaimseartha\), 2001](#)  
[A tAcht um Chaomhnú Fostaíochta 1977](#)  
[A tAcht um Chaomhnú Daoine Óga \(Fostaíocht\) 1996](#)  
[An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967](#)  
[An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1971](#)  
[An tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1979](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre \(Leasú\) 1984](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2004](#)  
[An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2006](#)  
[An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005](#)  
[A tAcht um Théarmaí Fostaíochta \(faisnéis\) 1994](#)  
[An tAcht um Fhaisnéis agus Comhchomhairle d'Fhostaithe 1996](#)  
[An tAcht Iompair 1958](#)  
[An tAcht Iompair \(Forálacha Ilghnéitheacha\) 1955](#)  
[An tAcht Um Dhífhostú Éagórach 1977](#)  
[An tAcht um Obair don Aos Óg 2001](#)

Déantar na hAthráitis i bhformáid XML atá oiriúnach le foilsiú ar líne, le leaganacha PDF ar fáil freisin.

Bhreithnigh an Coimisiún freisin an tsaincheist a bhaineann leis na hAthráitis chun dáta. Mar chéad chéim, le carnadh riaráistí leasuithe a sheachaint amach anseo, socraíodh tosú amach ar Clár Cothabhála le tosú in 2012. Dearadh an Clár Cothabhála le díriú ar Athráitis a ullmhú ar gach reachtaíocht (seachas Achtanna Airgeadais agus an Leasa Shóisialaigh) ó 2006 ar aghaidh, agus iad a choinneáil chun dáta amach anseo.

## CAIBIDIL 4 EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

---

### FORBHREATHNÚ

---

In 2011, lean an Coimisiún ag nuashonrú an Eolaire Reachtaíochta agus ag cur nuashonrúchán tréimhsiúil go dtí Oifig an Ard-Aighne lena bhfoilsíú ar shuíomh gréasáin ríomh-Leabhar Reachtaíochta na hÉireann (rLRÉ).

Thosaigh an Coimisiún amach freisin ar Eolaire Reachtaíochta nua a chruthú i gcomhair Reachtaíocht Thánaisteach (Ionstraimí Reachtúla). Cuireadh an tréimhse idir 2011 siar go 2004. Chiollaigh seo ná don chéad uair bhí gach leasú ar Ionstraimí Reachtúla ó 2004 go 2011 taifeadta in innéacs inrochtana go réidh agus inchuadaithe cosúil leis an cheann a choinnítear d'Achtanna. Chomh maith leis sin, taifeadadh on leasuithe ar Ionstraimí Reachtúla eile roimh 2004 chomh maith. Bhraith an clár oibre a beartaíodh in 2011 síneadh an Eolaire Reachtaíochta nua seo de líR siar go 2000 le linn 2012.

Lean taighde ar aghaidh ar aithint stádas Ionstraimí Reachtúla déanta ó bhí 1922 ann agus a rangú, d'fhonn chéad dréacht de liosta a chríochnú d'Ionstraimí Reachtúla i bhfeidhm faoi dheireadh 2012.

---

### OBAIR AN CHOIMISIÚIN IN 2011 AR CHLÁIR AN EOLAIRE REACHTAÍOCHTA

---

Thug an Coimisiún nuashonruithe ar an Eolaire Reachtaíochta le linn 2011. Bhí soláthar leaganacha XML de Reachtaíocht Thánaisteach nua don Choimisiún leis an obair seo a dhéanamh imleor, ach ní raibh sé chomh tráthúil i gcónaí agus a bheadh inmhianta.

Chríochnaigh an Coimisiún cuimsiú gach Leasú roimh 1922 ar Achtanna roimh 1922 (roimh Neamhspleáchas) san Eolaire Reachtaíochta atá fós i bhfeidhm. Go dtí 2010, níor rianaíodh ach leasuithe a rinneadh tar éis 1922 ar Achtanna roimh 1922 san Eolaire Reachtaíochta. Faoi dheireadh 2011, bhí gach leasú roimh 1922 ar gach ceann de na 1,364 Acht a choinnigh an tAcht um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007 rianaithe ag an gCoimisiún. Mar shampla, tá gach athrú a rinneadh roimh 1922 agus i ndiaidh 1922 ar an *Offences Against the Person Act 1861* (a chuirtear i bhfeidhm sa Chúirt Dúiche ar bhonn rialta) ar fáil anois san Eolaire Reachtaíochta.

Nuair a ghlac an Coimisiún cúram thionscadal Eolaire na Reachtaíochta, ba léir dó go raibh easnamh suntasach maidir le reachtaíocht thánaisteach. Ní raibh macasamhail bhunachar sonraí an Eolaire Reachtaíochta don chorpas dlí seo. Thosaigh an Coimisiún ag obair, mar sin, ar Eolaire Reachtaíochta d'ionstraimí reachtúla ó 2006 ar aghaidh, a cheadódh rianú leasuithe a rinneadh ar na hábhair thábhachtacha reachtaíochta seo. Gach bliain, ritheann an tOireachtas timpeall 40 Acht, agus déantar corradh agus 600 Ionstraim Reachtúil. Mar sin, cé go bhfuil níos mó ná 3,000 Acht achtaithe ó bhí 1922 (a rabhamar in ann a rá ina leith, mar gheall ar an Eolaire Reachtaíochta a bheith ann, go bhfuil níos mó ná 2,000 acu fós i bhfeidhm), tá suas le 35,000 ionstraim reachtúil déanta ó bhí 1922 ann (ach ní féidir linn a rá le cruinneas ar bith cé mhéad acu seo atá i bhfeidhm fós).

D'fhoilsigh an Coimisiún an tEolaire Reachtaíochta ar dtús i gcomhair Reachtaíocht Thánaisteach ina bhfuil faisnéis ó 2006 go 2011 agus chuir nuashonruithe leis lena n-áirítear na blianta 2005 agus 2004. Tá d'aidhm ag an gCoimisiún an tEolaire

Reachtaíochta i gcomhair Reachtaíocht Thánaisteach ó 2012-2000, agus é a choinneáil go dáta uaidh sin amach.

Lean obair ar aghaidh ar thionscadal eile ar thug an Coimisiún faoi i réimse an dlí reachtúil: aithint stádas (cúlghairme/i bhfeidhm) na 35,000 ionstraim reatha a mheastar a rinneadh ó bhí 1922 ann. Is é an cuspóir soiléire a thabhairt maidir cén ionstraimí reatha atá fós i bhfeidhm (in uireasa Eolaire Iomlán Reachtaíochta), leis an Liosta Aicmithe Achtanna lena n-ionstraimí gaolmhara agus mar sin iad a aicmiú chomh maith, agus le dúshraith Eolaire Reachtaíochta den Reachtaíocht Thánaisteach a leagan síos, gan ach athruithe ar reachtaíocht atá fós i bhfeidhm a thairfeadh. (Ní bheadh cruthú Eolaire Reachtaíochta de gach Ionstraim Reachtaíochta siar go 1922 inchosanta ar bhonn eacnamaíoch nó go háirithe úsáideach). Tá an tionscadal seo ag brath go mbeidh chéad dréacht de liosta d'ionstraimí Reachtúla atá i bhfeidhm curtha i gcrích faoi dheireadh 2012. Is macasamhail é den tionscadal ar Liosta Aicmithe Reachtaíochta in Éirinn, a luadh i gCaibidil 2, thuas.

## CAIBIDIL 5 RIARACHÁN

---

### INTREOIR

---

Sa Chaibidil seo, imlíníonn an Coimisiún gnéithe riaracháin dá chuid oibre. Díríonn sé ar shocruithe agus tacaí riachtanacha riaracháin a chinntíonn gur féidir Clár Rollach an Choimisiúin a dhéanamh i gcleachtadh. Tá struchtúr eagraíochtúil reatha an Choimisiúin (ó 2011) leagtha amach in Aguisín E.

---

### AN COIMISIÚN

---

Is é atá sa Choimisiún Uachtarán agus 4 Choimisinéir. An Rialtas a cheapann na Coimisinéirí ar feadh téarma suas le 5 bliana, agus féadfar a gceapúchán a athbhreithniú. In 2011, ba é an Coimisiún an tUachtarán, Coimisinéir lánaimseartha agus trí Choimisinéir pháirtaimseartha. Is iarbhreitheamh den Chúirt Uachtarach í Uachtarán an Choimisiúin (go dtí Feabhra 2011) an Breitheamh Catherine McGuinness. Is dlíodóir í an Coimisinéir lánaimseartha, Patricia Rickard-Clarke, a bhí, go dtí a ceapúchán, ina páirtí le McCann FitzGerald, aturnaethe. Is iad na trí Choimisinéir pháirtaimseartha: An tOllamh Finbarr McAuley, Ollamh Jean Monnet le Dlí Coiriúil, Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; Marian Shanley, Aturnae, ina comhalta den Choimisiún le Fiosrú ar Dhrochúsáid Leanaí, agus an Breitheamh Donal O'Donnell, Breitheamh den Chúirt Uachtarach.

Déanann an Coimisiún cinneadh ar inneachar an chláir athchóirithe dlí, socraíonn sé inneachar aschur taighde an Choimisiúin (atá i bPáipéir Chomhairliúcháin agus Tuairiscí), agus déanann sé gach cinneadh riaracháin agus airgeadais. Bualann an Coimisiún le chéile go foirmiúil mar eagrás ar a laghad uair sa mhí. Chomh maith leis sin, buaileann a chomhaltaí le chéile go minic agus tá siad i gcumarsáid agus i gcomhairliúchán reatha le chéile agus le foireann an Choimisiúin.

---

### AN COISTE BAINISTÍOCHTA

---

Ba é Coiste Bainistíochta an Choimisiúin in 2011 Uachtarán an Choimisiúin, an Coimisinéir lánaimseartha, an Ceann Riaracháin, an Stiúrthóir Taighde, Bainisteoir an Tionscadail Athráitis, agus Bainisteoir Tionscadail an Eolaire Reachtaíochta. Bhuail an Coiste Bainistíochta le chéile ar bhonn rialta le hathbhreithniú a dhéanamh ar gach saincheist mhór atá bainteach le feidhmiú éifeachtúil agus éifeachtach an Choimisiúin. Ar cheann de phríomhfhreagrachtaí an Choiste tá monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i mbaint amach na spriocanna a leagtar amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin, a nuashonraítear ar bhonn ráithe.

---

### FOIREANN RIARACHÁIN

---

Ba iad foireann riaracháin agus leabharlainne an Choimisiúin Ceann Riaracháin (a ceapadh i Lúnasa 2011) agus foire d **chúigear** foirne mar a bhí mí na Nollag 2011. Le linn 2011, cuireadh aistriú, ath-implonú agus socruithe eile i bhfeidhm le laghdú Dheontas i gcabhair an Choimisiúin le haghaidh 2011 a chur san áireamh.

Le linn 2011, bhí freagracht fhoriomlán ar an Aonad Riaracháin as tascanna riaracháin ó lá go lá a chur de lámh laistigh den Choimisiún. Go háirithe, bhí an t-aonad freagrach as:

- Bainistiú, próiseáil agus tuairisciú ar gach idirbheart airgeadais sa Choimisiún. San áireamh sa cheann deiridh bhí bainistiú ar fheidhm phárolla an Choimisiúin
- Foirgneamh agus infreastruchtúr TF an Choimisiúin a chothabháil
- Feidhm acmhainní daonna an Choimisiúin féin a bhainistiú.
- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil don fheidhm thaighde
- Feidhmeanna riaracháin éagsúla a ghabháil de lámh maidir le lainseáil foilseachán agus cló Tuarascála agus Páipéir Chomhairliúcháin.

Chuir an tAonad Riaracháin tacaíocht ar fáil don fheidhm thaighde sa Choimisiún freisin. De ghnáth is é a bhí i gceist leis seo socrú a dhéanamh i gcomhair cló agus dáileadh fhoilseacháin an Choimisiúin agus na tascanna éagsúlaa phleanáil agus a eagrú a bhaineann le lainseáil fhoilseacháin an Choimisiúin. Bhí an t-Aonad Riaracháin páirteach chomh maith in ullmhúchán lainseálacha, seimineár agus na Comhdhála Bliantúla.

---

## FOIREANN TAIGHDE AGUS LEABHARLAINNE

---

Is é príomhról foireann taighde an Choimisiúin dréacht-téacsanna a fhorbairt le haghaidh a mbreithnithe ag an gCoimisiún lena chur ar a chumas a Chlár Oibre Rollach a thabhairt tríd. Áirítear air seo Réamhdhoiciméad Tionsnaithe Tionscadail agus Páipéar Scópála a ullmhú i gcomhair tionscadail, a leagan amach paraiméadair na réimsí faoi chaibidil. Sna céimeanna deireanacha de thionscadal is é atá i gceist leis seo Dréachtpháipéar Comhairleacháin nó Tuarascáil a ullmhú agus, sa chás go measanna an Coimisiún é a bheith oiriúnach, Páipéar Seimineár.

### **Foireann Taighde**

Is é an Stiúrthóir Taighde atá i mbun na foirne taighde athchóirithe dlí, dá dtuairisciú an baill na foirne taighde athchóirithe dlí go díreach. Is é an Stiúrthóir Reatha Taighde Raymond Byrne, a bhí sa Scoil Dlí agus Rialtais, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá tionscadail an Choimisiúin ar Athráiteas an Dlí Reachtúil agus ar an Eolaire Reachtaíochta maoirsithe ag dhá bhainisteoir tionscadail. Le linn 2011, bhí údarás ag an gCoimisiún 8 dtaighdeoir lánaimseartha a fhostú, atá ceaptha de ghnáth ar chonradh bliana. Leagann an Coimisiún ar na 8 dtaighdeoir seo athchóiriú an dlí, Athráiteas Dlí Reachtúil agus an tEolaire Reachtaíochta. Ó am go ham téann an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe seachtracha maidir le tionscadail ar leith agus bunaíonn sé Grúpaí Oibre chomh maith ar ábhair áirithe.

Is é feidhm an Stiúrthóra Taighde ceannasaíocht a thabhairt do aguse bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann taighde athóirithe dlí, agus comhairle agus cúnamh a thabhairt go ginearálta do na taighdeoirí d'fhonn aschur oiriúnach agus dea-chaighdeán oibre a chinntiú. Áirítear air seo aon taighde ginearálta cúlra a dhéanamh, Páipéir Scópála a ullmhú, dréachtdoiciméid agus Páipéir Chomhairliúcháin agus Tuarascálacha a ullmhú lena mbreithniú ag an gCoimisiún. Stiúrann an Stiúrthóir roinnt seimineár le linn na bliana do na taighdeoirí ar réimsí spéise ar leith agus buaileann na taighdeoirí le chéile go rialta mar ghrúpa le tuairimí a mhalartú ar na réimsí ina bhfuil siad ag déanamh taighde. Freastalaíonn taighdeoirí ar chomhdhála freisin ar réimsí bainteacha spéise. Spreagtar taighdeoirí dlí chomh maith le foilsíú in irisí bainteacha dlí le linn a n-ama leis an gCoimisiún. Áirítear air seo ailt a dhéileáil le réimsí ina bhfuil an taighdeoir páirteach go gníomhach.

### **Seirbhísí Leabharlainne agus Eolais**

Is é príomhról leabharlann an Choimisiúin, ar uirlis ríthábhachtach den Choimisiún í, bheith ag coinne le riachtanas na gCoimisinéirí agus fhoireann taighde an Choimisiúin le seirbhísí leabharlainne agus eolais agus na riachtanais sin a fhreagairt i bpáirtíocht le leabharlanna agus soláthróirí eolais eile. In 2011 ba é foireann na leabharlainne Bainisteoir Eolas Dílíthiúil/Leabharlannaí agus Catalógaí/Cúntóir Leabharlainne. Tugann baill den fhoireann riaracháin cúnamh freisin nuair is gá.

D'oibrigh an Bainisteoir Eolas Dílíthiúil/Leabharlannaí i ndlúthchomhairliúchán leis na foirne taighde le rochtain thráthúil a thabhairt ar acmhainní nua cóip chrua agus leictreonach. Scaiptí bullaitín d'fhorbairtí reatha dlí, ag díriú ar shealbhuithe nua leabharlainne, ar an bhfoireann ar fad ar bhonn seachtainiúil. Thugadh an Catalógaí lánaimseartha cúnamh don Bhainisteoir Eolais/Leabharlannaí ina ról.

---

## AIRGEADAS

---

### **Ioncam agus caiteachas**

Deontas i gcabhair ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a mhaoiníonn an Coimisiún. Ba é an t-ioncam iomlán a fuarthas in 2011 ó gach foinse (lena n-áirítear deontas i gcabhair, pinsin ghлана iarchurtha foirme maoinithe, aistriú go cuntas caipitil, díolachán foilseachán agus ioncam faighte ón Roinn Coimirce Sóisialaigh) €2,451,945.

Ba é an Caiteachas in 2011 €2,450,350. Chlúdaigh an caiteachas sin tuarastail agus aoisliúntas Coimisinéirí agus na foirne, forchostais chíosa agus áitrimh, cothabháil leabharlann an Choimisiúin, cothabháil líonra TF an Choimisiúin agus costais chlóbhuailte agus scaipthe.

### **Prasíocaíochtaí**

Níor thabhaigh an Coimisiún aon phionós as íocaíocht mhall le linn 2010 faoin *Acht um Phrasíocaíocht Cuntas 1997*, mar a leasaíodh le *Rialachán na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002*.

### **An Coiste Iniúchta**

Déanann Coiste Iniúchta monatóireacht ar bhonn leanúnach ar dheontas i gcabhair an Choimisiúin, agus téann sé i ndáil le coiste iniúchta Oifig an Ard-Aighne.

---

## ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

---

De réir *Rialachán na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Úsáid Deiridh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009* (OS Uimh. 542 de 2009), agus Treoir 2006/32/EC, Chinntigh an Coimisiún le linn 2011 gur fheidhmigh sé céimeanna cuí maidir le bearta caomhnaithe agus laghdaithe fuinnimh

---

## SOCRUITHE RIALACHAIS

---

Tá freagracht agus cuntasacht foriomlán as imeachtaí an Choimisiúin ar an gCoimisiún. Tugann an Coiste Bainistíochta, an tAonad Riaracháin, an foireann Taighde agus an fhoireann Leabharlainne cúnamh don Choimisiún sa ról sin.



Tá na cuspóirí maidir le *Ráiteas Straitéise*, a liostaítear i gCaibidil 1, meaitseáilte ag leibheál na heagraíochta ag sraith spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gnó Bliantúil an Choimisiúin. Tá spriocanna ráithiúla sa Phlean Gnó faoi gach cuspóir straitéiseach. Déanann an Coiste Bainistíochta monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar i mbaint amach na spriocanna seo ar bhonn rialta, le hathbhreithniú foirmiúil gach ráithe.

Déantar bainistíocht ar fheidhmíocht baill aonair foirne trí chóras bainistithe feidhmíochta do bhainisteoirí agus do bhaill foirne araon. Tá státseirbhísigh faoi réir Chóras Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta na Státseirbhíse. Do gach ball foirne eile, tá a chóras bainistithe feidhmíochta féin ag an Choimisiún.

Faoi nósanna imeachta cuntasáíochta reatha, tarraingtear airgead anuas ó Oifig an Ard-Aighne ar bhonn míosúil trí Dheontas i gCabhair. Mar a léirítear, díorthaíonn an Coimisiún méid beag ioncaim ó dhíolachán foilseachán (€6,857 in 2011). Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste monatóireacht ar rialaithe inmheánacha airgeadais agus caiteachas an Choimisiúin ar bhonn bliantúil. Tá an Coimisiún faoi réir iniúchta chomh maith ag Aonad Iniúchta Ginearálta Oifig an Ard-Aighne agus coinníonn sé a Choiste Iniúchta Inmheánaigh féin, a raibh an Coimisinéir Shanley ina chathaoirleach air in 2011.

Nuashonraítear clár bainistithe riosca an Choimisiúin ar bhonn rialta agus coinníonn an Coimisiún faoi athbhreithniú.

## CAIBIDIL 6

### ATHBHREITHNIÚ AR DHUL CHUN CINN TRÍD AN TRÍÚ CLÁR UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ

Sa Chaibidil seo, tapaíonn an Coimisiún an deis le cur síos ar an dul chun cinn atá déanta aige ó bhí 2008 ann ag dul i dtreo chríochnú a chuid tionscadal ina *Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí*. Sa *Tríú Clár* bhí tiomantas ann go bhfoilseofadh an Coimisiún athbhreithniú ar dhul chun cinn ag a lárphointe réamh-mheasta,<sup>1</sup> rud a rinne an Coimisiún chomh maith i dtaca leis an *Dara Clár um Athchóiriú an Dlí 2000-2007*.<sup>2</sup>

Mar achoimre (leagtar amach na sonraí anseo thíos):

- Is é atá sa *Tríú Clár 37* dtosaíocht a chruinnítear le chéile faoi 9 mór-cheannteideal
- 22 de na 37 dtionscadal tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún
- Tá forbairtí ó bhí 2008 ann i ndiaidh an bealach a bhaint de 9 gcinn eile de na 37 dtionscadal (lena n-airítear reachtaíocht phleanáilte nó achtaithe sna réimsí sin)
- Tá athbhreithniú le déanamh ag na 6 thionscadal atá fágtha maidir le bainteacht agus tábhacht i gcomhthéacs fhorbairt *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí* an Choimisiúin.

Chomh maith leis na tionscadail a bhfuil baint dhíreach acu leis an *Tríú Clár*, tá 7 dtionscadal eile tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún ó bhí 2008 ann, 3 cinn díobh a bhain le hiarratais sainiúla bhreise déanta ag an Ard-Aighne faoin *Acht faoin gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí 1975* (Baineann na 4 cinn eile le hobair an Choimisiúin ar an reachtaíocht a dhéanamh níos inrochtana).

Agus aird aige ar an dul chun cinn déanta ó 2008, chinn an Coimisiún gur chóir go dtosódh ullmhúcháin in 2012 ar fhorbairt *Ceathrú Clár um Athchóiriú an Dlí*.

#### **A Córas Dlí agus Dlí Poiblí**

Faoin gceannteideal seo, liostaíonn an *Tríú Clár* 6 thionscadal:

1. Seirbhís Ghiúiré
2. Bainistiú an Fhiachais Phearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais
3. Barántais Chuardaigh agus Barántais Bhinse
4. Teorannú ar Chaingne
5. Réiteach Comhroghnach Aighnis
6. Comhdhlúthú agus Athchóiriú na nAchtanna Cúirteanna

#### **A.1 Tráchtareacht ghinerálta ar thionscadail faoin gceannteideal Córas Dlí agus Dlí Poiblí**

Faoin gceannteideal seo tá gach ceann de na 6 thionscadal tosaithe nó críochnaithe ag an gCoimisiún.

#### **A.2 Tráchtareacht mhionsonraithe ar thionscadail faoin gceannteideal Córas Dlí agus Dlí Poiblí**

1. Seirbhís Ghiúiré In 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Páipéar Comhairliúcháin ar Sheirbhís Ghiúiré* (LRC CP 60-2010). Tá an Tuarascáil ar shéala a críochnaithe.
2. *Bainistiú an Fhiachais Phearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* In 2010, d'fhoilsigh an Coimisiún a *Tuarascáil ar Bhainistiú an Fhiachais Phearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* (RC 100-2010) i ndiaidh fhoilsiú a *Tuarascáil Eatramhach ar Bhainistiú an Fhiachais Phearsanta agus Forfheidhmiú Fiachais* (LRC 96-2010)

<sup>2</sup> Féach *Tuarascáil Bhliantúil 2004* an Choimisiúin, Caibidil 5.

<sup>1</sup> *Tuairisc ar Tríú Clár um Athchóiriú an Dlí 2008-2014* (LRC 86-2007), lch.7.

